# Tréimhse Éiginnte

## Oifig an Ombudsman do Leanaí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023




ombudsman
do leanaí
for children

20 BLIAIN

# Contents


Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 3

Maidir Linn 5

**1.** Staidreamh agus Buaicphointí an OCO 6

**2.** Saincheisteanna a nDírítear Aird Orthu agus Cás-Staidéir 11

**3.** Oideachas 21

**4.** Sláinte 24

**5.** Cearta Leanaí atá ag Teacht go hÉirinn a Chur Chun Cinn 31

**6.** Tuairimí Leanaí 33

**7.** Leanaí sa Chóras Dlí agus Cirt 39

**8.** Cearta an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach 41

**9.** Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta 42

**10.** An tAcht um Ombudsman do Leanaí 46

**11.** Cearta an Linbh a Phríomhshruthú sa Bheartas Náisiúnta 47

**12.** Reáchtáil na hOifige 49

# Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí



**Dr Niall Muldoon**
Ombudsman do Leanaí

Gach bliain, déanaimid iarracht teideal a thabhairt dár dTuarascáil Bhliantúil lena léirítear staid na himeartha do leanaí, na hathruithe atá déanta nó na dúshláin atá rompu. D'fhill mé arís agus arís eile i mbliana ar théama na héiginnteachta agus ar théama na héagobhsaíochta, mar ar an drochuair, is é sin an rud a fheicim don iomarca leanaí a bhfuil siad rompu gach uile lá.

Táthar ag troid chun aird an Rialtais a tharraingt ar shaincheisteanna leanaí ag am ina bhfuil géarchéim tithíochta, géarchéim costais maireachtála, géarchéim cosanta idirnáisiúnta, agus nuair atá ár seirbhísí poiblí go léir faoi bhrú atá ag méadú. Tá tionchar nach féidir é a chainníochtú ag na saincheisteanna sin go léir ar leanaí freisin, ach fós, ní gá go bhfuiltear ag breathnú orthu ar shaincheisteanna leanaí. Tá scaradh sin na leanaí ó na príomh-shaincheisteanna sin ag cosaint an stáit ar bheith air a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh i gceart – ach is leanaí iad na daoine is mó a dtéann gach ceann de na géarchéimeanna sin i gcion orthu!

Chomh maith leis sin, tá ag teip ar an Stát a ghealltanais agus a dhualgais i ndáil le leanaí a chomhlíonadh maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus do leanaí atá faoi chúram an Stáit, agus níl na háiteanna scoile go léir a theastaíonn á sholáthar aige.

Níl dul chun cinn déanta maidir leis an reachtaíocht a bhaineann le leanaí mar a bhí beartaithe; táimid fós ag fanacht go bhfoilseofar an t-athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte, níl an Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí tugtha chun críche agus níl an tAthbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí críochnaithe ar bhealach lena dtugtar aghaidh go hiomlán ar riachtanais leanaí.

Le linn 2023, d'fhoilsíomar Cás Ivy, inar tugadh chun suntais arís eile na saincheisteanna

leanúnacha a bhaineann le moilleanna do leanaí atá ag fanacht le hobráid scolóise, rud ar thugamar chun suntais den chéad uair in 2017. Chomh maith leis sin, chríochnaíomar Tuarascáil Speisialta ar Sholáthar Díreach (a tuairiscíodh den chéad uair in 2021), agus an Tuarascáil "Nowhere to Turn" (tuarascáil leantach ar Chás Jack a foilsíodh in 2020) inar sonraíodh cásanna leanaí ar fhág tuismitheoirí san ospidéal iad nach raibh ábalta na seirbhísí agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun aire a thabhairt dóibh a fháil.

Is léir go bhfuil na ceisteanna céanna ag teacht chun cinn arís agus arís eile do leanaí. Tá imscrúdú déanta ag an Oifig seo ar na saincheisteanna sin agus thuairiscigh siad orthu agus rinne moltaí maidir leo. Rinne an Rialtas gealltanais ansin, gealltanais atá briste aige. Ní fhacamar dul chun cinn mar a gealladh, agus muid ag tabhairt aghaidh ar thimthriall nua olltoghcháin – is cosúil gurb iad débhríocht agus neamhiontaofacht an t-aon dá rud atá cinnte.

Ba mhór an onóir dom i mí Iúil 2023 gníomhú mar chomhairleoir don Choimisiún Meabhairshláinte san Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meabhairshláinte Náisiúnta do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), a rinne an Dr Susan Finnerty. Dúradh linn san Athbhreithniú nach féidir leis an gCoimisiún dearbhú a thabhairt do gach tuismitheoir in Éirinn go mbeidh rochtain ag a leanaí ar sheirbhís mheabhairshláinte atá sábháilte, éifeachtach agus fianaisebhunaithe. Mura bhfuil na leanaí seo sábháilte, tá siad i mbaol. D'iarr mé go ndéanfaí athshamhlú radacach cróga ar ár seirbhísí meabhairshláinte do leanaí. Rinneadh roinnt moltaí an-tábhachtach san athbhreithniú beacht cuimsitheach sin; go háirithe rialáil CAMHS agus straitéis chuimsitheach nua a chruthú. Tá sé do-ghlactha nach bhfuil níos mó dul chun cinn déanta ag an bpointe seo. San Éirinn ina mairimid inniu, is cosúil nach hionann fearg, agus bhí neart de sin ón Rialtas agus ón bhfreasúra araon, agus gníomh.

Mar Ombudsman do Leanaí táim ag éirí níos eolasaí agus níos imníche faoi shaincheisteanna a ardaíonn leanaí go díreach liom, agus trí obair Phainéal Comhairleach na hÓige dár gcuid, maidir le hidirdhealú agus ciníochas. San Éirinn nua seo, níl na saincheisteanna sin ag imeacht agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu leis na daoine óga iad féin.

Is áit iontach í Éire le bheith i do leanbh ar go leor bealaí – táimid ar cheann de na tíortha is saibhre ar domhan, agus tá an chuid is mó dár leanaí ag maireachtáil i mbailte sona grámhara. Mar sin féin, mar gheall ar shaincheisteanna domhanda amhail cogadh, imirce, an t-athrú aeráide, sábháilteacht ar líne, agus IS, tá athrú teacht réaltacht na hóige don ghlúin seo. Ní léir conas a fhoghlaimíonn leanaí conas déileáil le cúrsaí agus déanamh go maith laistigh den réaltacht nua sin, agus do leanaí a bheirtear i gcásanna leochaileacha tá rudaí níos neamhchinnte fós.

Ba bhliain ghnóthach í 2023 don OCO agus líon na ngearán fós seasta i gcónaí. Thugamar faoi deara freisin gearáin níos casta a bhain le níos mó ná gníomhaireacht amháin, agus i gcás go bhfuil sé níos deacra déileáil leis na saincheisteanna. Is comhartha maith é sin ar lámh amháin, ag léiriú go bhfuil gníomhaireachtaí ag tabhairt aghaidh ar go leor gearán ag an bhfoinse, agus nach bhfuil ach na cinn is deacra ag teacht chuig an OCO. Mar sin féin, seans go gciallódh sé sin freisin go mbíonn na teaghlaigh a mbuailimid leo faoi níos mó struis agus níos mhíshásta fós nuair a thagann siad chugainn.

Agus muid ag druidim le deireadh téarma reatha na Dála, is am nádúrtha é le machnamh a dhéanamh agus le spriocanna a leagan síos do na blianta atá amach romhainn. Le linn 2024, beimid i dteagmháil leis na páirtithe polaitíochta ar fad chun dearbhuithe a iarraidh go dtabharfar tús áite do chearta leanaí sna forógraí a chuirfidh siad ar aghaidh chuig na toghthóirí.

Níl an éiginnteacht rómhaith do dhuine ar bith, ach do leanaí is féidir léi a bheith thar a bheith dúshlánach, agus díobhálach go minic. Is fírinne í, atá aontaithe go huilíoch, go bhfuil cobhsaíocht agus cinnteacht go maith do leanaí agus go gcuidíonn siad leis an mbonn láidir a sholáthar a theastaíonn uathu chun barr a gcumais a bhaint amach. Tá súil againn go dtiocfaidh deireadh leis na Tréimhsí Éiginnte sin in 2024 ar mhaithe le leas leanaí na hÉireann.

# Maidir Linn

Institiúid um chearta an duine is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) a chuireann cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn chun cinn. Déanann an OCO imscrúdú ar ghearáin faoi sheirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí poiblí do leanaí. Tá an tseirbhís saor in aisce agus neamhspleách. Is é Niall Muldoon an tOmbudsman do Leanaí.



# Staidreamh agus Buaicphointí an OCO

**Líon iomlán na ngearán:** Fuair an OCO 1,790 gearán in 2023. Is é sin laghdú beag ar líon na ngearán a fuarthas in 2022 (1,812). Mar sin féin, tá méadú suntasach tagtha ar chastacht na ngearán a fuair an OCO agus bhain 2,247 gearán le gníomhaireacht amháin nó níos mó. Ciallaíonn sé sin gur bhain 1 as 5 ghearán le gníomhaireachtaí iomadúla.

**1,790**
gearán

tá méadú suntasach tagtha ar chastacht na ngearán a fuair an OCO agus bhain

**1 as 5**
le gníomhaireachtaí iomadúla

1.

# Cad faoi a bhí na Gearáin?

Leis na huirlisí tuairiscithe a d'úsáideamar do 2023, bhíomar ábalta an dóigh a mbailímid ár sonraí gearán a bheachtú, rud a chiallaíonn go bhfuil léargas níos dírithe againn ar na cineálacha gearán a cuireadh faoi bhráid na hOifige. Léirítear leis sonraí thíos na gearáin a fuaireamar in 2023, a bhí faoinár sainchúram.

Mar is amhlaidh gach bliain, is é an t-oideachas an tsaincheist is mó a ndéantar gearán faoi chuig an OCO, áiríodh leis sin gearáin faoi rochtain ar áiteanna scoile, bulaíocht, iompar scoile, coimisiún na scrúduithe stáit agus rochtain ar nósanna imeachta gearán i scoileanna.

Áiríodh le gearáin faoi tsláinte gearáin faoi sheirbhísí laistigh d'ospidéil, CAMHS, foirne Líonra Míchumais Leanaí agus seirbhísí arna maoiniú ag FSS a sholáthraíonn tacaíochtaí do leanaí.

I measc na ngearán ar shaincheist na tithíochta bhí gearáin faoi thithíocht údaráis áitiúil, tithíocht oiriúnach do leanaí faoi mhíchumas agus tithíocht do leanaí a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin stad údaráis áitiúil.


I measc na ngearán faoi Tusla bhí gearáin ó leanaí a bhfuil cónaí orthu i gcúram cónaitheach agus i gcúram slán, obair idirghníomhaireachta idir seirbhísí, próisis ghearán agus rochtain ar idirghabhálacha agus ar thacaíochtaí a sholáthraíonn an ghníomhaireacht.

Fuair ár nOifig gearáin freisin ó leanaí agus ó theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach agus ó dhaoine a bhí ag lorg seirbhísí pas.

Cé nach bhfuil an sainchúram ag ár nOifig scrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi shuíomhanna luathfhoghlama (naíolanna/Montessori/réamhscolaíocht) táimid ag tabhairt chun suntais gur bhain 4% dár ngearáin leis na suíomhanna sin toisc go mothaímid gur saincheist shuntasach í sin.

| Ábhar | 2023 |
|---|---|
| Oideachas | 40% |
| Sláinte | 23% |
| Tithíocht (Údarás Áitiúil) | 7% |
| Tusla | 23% |
| - Cosaint Idirnáisiúnta (IPAS) | 3% |
| - An Roinn Gnóthaí Eachtracha | 3% |
| - Máthair-Ranna Rialtais Eile | 1% |
| * Catagóir Speisialta – Oideachas Luath-Óige (nach bhfuil faoi shainchúram OCO faoi láthair) | 4% |

## Miondealú de réir Contae:




| Contae | Cásanna | 2023 | Contae | Cásanna | 2023 | Contae | Cásanna | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 12 | 1.4% | Cill Chainnigh | 16 | 1.9% | Uíbh Fhailí | 13 | 1.5% |
| An Cabhán | 15 | 1.7% | Laois | 13 | 1.5% | Lasmuigh de Phoblacht na hÉireann | 18 | 2.1% |
| An Clár | 14 | 1.6% | Liatroim | 3 | 0.4% | Ros Comáin | 11 | 1.3% |
| Corcaigh | 83 | 9.7% | Luimneach | 34 | 4% | Sligeach | 7 | 0.8% |
| Dún na nGall | 27 | 3.1% | An Longfort | 3 | 0.4% | Tiobraid Árann | 21 | 2.5% |
| Baile Átha Cliath | 285 | 33.3% | Lú | 30 | 3.5% | Port Láirge | 24 | 2.8% |
| Gaillimh | 52 | 6% | Maigh Eo | 11 | 1.3% | An Iarmhí | 9 | 1.1% |
| Ciarraí | 21 | 2.5% | An Mhí | 32 | 3.7% | Loch Garman | 29 | 3.4% |
| Cill Dara | 45 | 5.3% | Muineachán | 5 | 0.6% | Cill Mhantáin | 22 | 2.6% |

### Cé uaidh ar tháinig na Gearáin?

Méadú beag ar na gearáin a fuarthas go díreach ó leanaí (2% in 2022, 3% in 2023)

| Tuismitheoir | Gairmiúil | Teaghlach Sínte | Duine Fásta Neamhghaolta | Leanbh |
|---|---|---|---|---|
| 82% | 7% | 5% | 3% | 3% |

Aois na bpáistí a bhfuaireamar gearáin maidir leo:

| 1-4 | 5-9 | 10-14 | 15-19 | 20-24 |
|---|---|---|---|---|
| 14% | 24% | 33% | 28% | 1% |

# Ceardlanna Oideachais OCO

Cuirimid fáilte roimh na céadta leanbh agus duine óg ó gach cearn d'Éirinn gach bliain chuig ár n-oifig i mBaile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh i gceardlanna oideachais. Is féidir linn grúpaí leanaí a éascú le foghlaim faoina gcuid ceart ar bhealach idirghníomhach, aoisoiriúnach.

Chuireamar ceardlanna ceart ar fáil do 2,090 leanbh agus scoláire i mbliana. Is é sin an líon is mó a d'óstálamar le sé bliana! Bhuaileamar le 1,930 leanbh ó ghrúpaí luathbhlianta, bunscoileanna, meánscoileanna agus grúpaí óige, mar aon le 160 mac léinn tríú leibhéal a bhí faoi oiliúint in obair le leanaí.

Tháinig an **1,860 leanbh** ó **69 scoil** ar fud na hÉireann

**49 Bunscoileanna (71%)**

**20 Meánscoileanna (29%)**

**49% de scoileanna DEIS**

**Bhí cuairt á tabhairt ag 57% de na scoileanna ar an OCO don chéad uair**

# For-rochtain

Le 2023 thug an fhoireann um Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta cuairt ar leanaí i suíomhanna éagsúla chun oideachas a chur orthu faoina gcearta.

**Luathbhlianta, Bunscoilscoileanna agus Meánscoileanna** — **480** leanbh

**Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS)** — **26** leanbh

**Mionaoisigh Neamhthionlactha** — **50** leanbh

**Soláthar Díreach** — **99** leanbh

# OCO san Oireachtas

## Feabhra

| | |
|---|---|
| **1.** Comhchoiste Oireachtais ar an mBeartas Uathachais | Ag an gcruinniú sin, chuir Niall agus an fhoireann béim ar thrí réimse imní go sonrach, lena n-áirítear:<br>– an gá atá le hoideachas cuimsitheach;<br>– moilleanna leanúnacha maidir le leanaí uathacha a bheith ábalta rochtain a fháil ar mheasúnuithe agus ar thacaíochtaí;<br>– agus tuairimí na leanaí uathacha á gcur san áireamh agus beartais agus seirbhísí á gceapadh. |

## Bealtaine

| | |
|---|---|
| **2.** An Comhchoiste um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2023 | Dúirt an OCO leis an gCoiste, cé gur chuireamar fáilte roimh roinnt moltaí sa Bhille, nach bhfuil go leor físe agus uaillmhéine sa Scéim fhoriomlán. Chuir an fhoireann imní in iúl freisin faoin easpa soláthairtí do leanaí neamhthionlactha atá ag lorg tearmainn agus a chuirtear faoi chúram anseo, agus maidir le cóiríocht neamhrialaithe do leanaí faoi chúram. |

## Meitheamh


| | |
|---|---|
| **3.** An Coiste um Achainíocha ón bPobal Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman do Leanaí 2021 agus 2022: Oifig an Ombudsman do Leanaí | Bhí Niall agus an fhoireann os comhair an Choiste chun ár dTuarascálacha Bliantúla 2021 agus 2022 a phlé agus chun aird a tharraingt ar phríomhghníomhaíochtaí na hOifige le linn na tréimhse sin. |

## Samhain

| | |
|---|---|
| **4.** Comhchoiste Oireachtais ar Chúrsaí Míchumais Cúram Bunaithe ar Chearta do Dhaoine faoi Mhíchumas | Thug an Coiste cuireadh d'fhoireann an OCO ár dtuarascáil, Nowhere to Turn, a phlé, inar leagadh béim ar chruachás roinnt leanaí faoi mhíchumas casta atá á bhfágáil i ranna éigeandála, i scoileanna agus in ionaid faoisimh agus tuismitheoirí in anchaoi mar iarracht rochtain a fháil ar sheirbhísí ríthábhachtacha. Mholamar go gcuirfeadh an FSS na moltaí ar fad ó chás Jack an OCO i bhfeidhm láithreach. Toisc nach bhfuil sé sin á dhéanamh tá dochar agus anacair á ndéanamh do leanaí agus do theaghlaigh. Mholamar freisin go gcuirfeadh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus an tAire Stáit do Mhíchumas, sásra neamhspleách monatóireachta ar bun mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta Míchumais 2024-2026 atá le teacht chun an Stát a choinneáil cuntasach as a dtacaíocht do na leanaí sin |
| **5.** Díospóireacht na Dála ar Thuarascáil Speisialta an OCO maidir le Sábháilteacht agus Leas Leanaí i Soláthar Díreach | Phléigh TDanna an chéad Tuarascáil Speisialta riamh de chuid an OCO i Rún Comhaltaí Príobháideacha a tugadh os comhair na Dála agus an Aire Leanaí. I measc na saincheisteanna a pléadh bhí ár moladh deireadh a chur le húsáid óstáin tráchtála do leanaí agus an gá le measúnuithe leochaileachta do gach leanbh atá ag lorg Cosaint Idirnáisiúnta laistigh de 30 lá i ndiaidh dóibh teacht go hÉirinn. |

# Saincheisteanna a nDírítear Aird Orthu agus Cás-Staidéir

In 2023, tháinig an OCO ar an eolas faoi roinnt saincheisteanna sistéamacha a raibh tionchar acu ar chumas leanaí leas iomlán a bhaint as a gcearta, rinneamar scrúduithe gearán agus d'oibríomar le príomhpháirtithe leasmhara ar go leor de na saincheisteanna. Is saincheisteanna thar a bheith tábhachtach iad sin nach mór iad a chur ar fáil go poiblí agus a thugamar chun suntais i gcónaí do lucht ceaptha beartas.



2.

# I Bhfócas

## Saincheist 1 a nDírítear Aird Uirthi For-rochtain OCO ar Chúram Speisialta

In ainneoin an chreata shoiléir reachtúil lena n-ordaítear nach féidir le leanbh fanacht i gCúram Speisialta ar feadh níos faide ná 9 mí, coinnítear go leor leanaí sna haonaid sin ar feadh tréimhsí i bhfad níos faide ná an tréimhse ama sin mar gheall ar easpa áiteanna céim síos. Is é is aidhm do Chúram Speisialta tacaíocht ghearrthéarmach, chobhsaithe agus theiripeach a sholáthar do leanaí a bhfuil cúram slán de dhíth orthu lena gcoinneáil slán ó dhochar. Ní féidir rochtain a fháil ar shocrúcháin Cúraim Speisialta ach trí ordú Ard-Chúirte de réir a choinnítear an leanbh.

In 2023, chuir Foireann Gearán agus Imscrúduithe an OCO tús le cuairteanna for-rochtana rialta ar na trí Aonad Cúraim Speisialta atá á bhfeidhmiú in Éirinn faoi láthair. Le linn ár gcuid cuairteanna ghlacamar le gearáin maidir le tréimhsí fada coinneála, sainaithníodh na gearáin sin;

- Coinníodh go leor leanaí á gcoinneáil faoi Chúram Speisialta ar feadh tréimhsí fada ama – suas le dhá bhliain i gcásanna áirithe mar thoradh díreach ar easpa cóiríocht chuí bogadh ar aghaidh, agus shín an ardchúirt orduithe Cúraim Speisialta ar an mbonn sin.
- D'inis leanaí agus baill foirne dúinn faoi mhí-oiriúnacht thimpeallacht ard-déine an Chúraim Speisialta ar feadh na dtréimhsí fada ama sin, agus faoi na leanaí a bheith ag léiriú iompar institiúidithe agus cúlú iompraíochta dá bharr.
- D'inis baill foirne don OCO go raibh an ghéarchéim maidir le socrúcháin céim síos a fháil níos measa mar gheall ar phríobháidiú méadaithe na n-aonad cónaitheach, agus 60% de sholáthraithe an chúraim sin ina soláthraithe príobháideacha. D'inis baill foirne i gCúram Speisialta dúinn freisin go mbíonn drogall ar sholáthraithe príobháideacha seirbhísí céim síos i gcásanna áirithe áiteanna a chur ar fáil do leanaí faoi Chúram Speisialta mar gheall ar a n-iompar contúirteach nó coiriúil uaireanta.

Fuair an OCO gearáin freisin ó theaghlaigh a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar Chúram Speisialta dá leanaí, i gcásanna inar sainaithníodh rioscaí díobhála ach nár chuir Tusla an t-iarratas ar aghaidh chuig an Ard-Chúirt, toisc go bhfuil teorainn leis na háiteanna i gCúram Speisialta.

I mí na Nollag 2023 rinne Tusla achomharc i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte sa Chúirt Uachtarach lenar ordaíodh go ndéanfadh siad iarratas ar áiteanna Cúraim Speisialta do dhá dhéagóir leochaileacha. D'áitigh Tusla nár cheart sainordú a thabhairt dóibh na hiarratais a chur os comhair na hArd-Chúirte toisc nach raibh aon áiteanna Cúraim Speisialta ar fáil. Tugadh rochtain d'Oifig an Ombudsman do Leanaí chun éisteacht agus breithiúnas na Cúirte Uachtaraí a bhreathnú i mí Feabhra 2024. Chaith an chúirt achomharc Tusla amach ag rá gur theip orthu ina ndualgas reachtúil mar nach ndearna siad iarratas ar na horduithe Cúraim Speisialta nuair a measadh go raibh gá leo i gcúinsí an dá leanbh.

Tá Cúram Speisialta agus Cóiríocht Éigeandála Speisialta fós ina n-ábhair imní mhóra d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. Is cinneadh ollmhór é leanbh a bhaint óna thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí agus é nó í a chur faoi chúram an Stáit, go háirithe i gcás go bhfuil sé sainaitheanta go bhfuil an leanbh ina chontúirt nó ina contúirt do nó di féin agus do dhaoine eile. I gcás ina dtarlaíonn sé sin, ba chóir gach tacaíocht a chur ar fáil chun cuidiú leis an leanbh sin gan mhoill. Tá dualgas ar an Stát i leith na leanaí sin nach mór a chomhlíonadh.

## Saincheist 2 Déagóirí atá i mBaol

Le linn 2023 leanamar lenár n-iarrachtaí ceannaireacht rialtais a lorg chun freastal ar riachtanais cohóirt déagóirí i sochaí na hÉireann atá ag déanamh dochar dóibh féin, dá dteaghlaigh agus dá bpobail. Is leanaí leochaileacha iad sin ach is féidir an leochaileacht sin a cheilt go minic mar gheall ar a n-iompar fiontraíochta agus go minic déantar dúshaothrú coiriúil agus gnéasach orthu agus d'fhág go leor acu an scoil gan aon cháilíochtaí. D'fhéadfadh sé go bhfuil a n-iompar múnlaithe ag teagmhais thrámacha a tharla le linn a n-óige amhail bás, príosúnacht tuismitheora, andúile, scaradh agus bochtaineacht agus d'fhéadfadh sé a bheith níos measa mar gheall ar míchumas intleachtúla, fadhbanna meabhairshláinte agus a n-andúile féin. D'fhéadfadh go leor de na leanaí sin a bheith faoi chúram an Stáit agus is leanaí a bhíonn iontu go minic a chónaíonn i 'socrúcháin éigeandála speisialta' nár cheart a bheith ina gcuid dár gcóras cúraim. D'iarramar go ndéanfaí athruithe reachtaíochta chun deireadh a chur le socrúchán leanaí i suíomhanna neamhrialaithe agus chun díriú ar a chinntiú go bhfuil réimse de shocrúcháin sábháilte, chomhbhácha againn do gach leanbh.

Leanfaimid le béim a chur ar na freagrachtaí tras-rialtais i leith na ndéagóirí an-leochaileacha sin agus lena chinntiú go dtabharfar tús áite agus fócas dóibh ar fud na ranna agus na seirbhísí go léir agus a chinntiú go bhfuil maoiniú leordhóthanach ar fáil ar leibhéal an phobail do scoileanna agus do sheirbhísí chun cuidiú leis an toradh a athrú do na leanaí sin.

## Saincheist 3 a nDírítear Aird Uirthi: Rochtain ar an Idirbhliain

I mí na Nollag 2023, scríobhamar chuig an Roinn Oideachais faoi leanbh ar diúltaíodh áit a thabhairt dó nó di ar chlár na hIdirbhliana. Rinneadh roinnt gearán leis an OCO faoin tsaincheist sin agus bhí réimse cúiseanna le diúltú ann lena n-áirítear iompar san am atá caite, riachtanais bhreise agus infhaighteacht áiteanna.

Is cosúil nach bhfuil aon bheartas náisiúnta trédhearcach curtha ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí chun leithdháileadh Áiteanna na hIdirbhliana a threorú agus gur faoi lucht bainistíocht na scoile amháin atá an cinneadh.

Fuaireamar amach go bhfuil beartas áitiúil ag líon suntasach scoileanna a dtagraíonn siad dó agus iarratais ar an Idirbhliain á mbreithniú acu, ach ní cosúil go bhfuil sé sin amhlaidh i ngach scoil. Maidir leis na gearáin a fuaireamar, níl sé soiléir conas a dhéantar iarratais a riar, a mheas agus conas a thagtar ar chinntí.

Cuid de na cúiseanna a tugadh do thuismitheoirí le diúltú ná drochiompar san am atá thart, diagnóis go riachtanais bhreise acu nó go raibh siad faoi mhíchumas, nó go raibh meabhairghalar orthu. Dúirt tuismitheoirí linn gur mhothaigh a gcuid leanaí go raibh siad coinnithe amach agus bhí imní orthu freisin mar gur mhothaigh siad nach raibh a leanaí réidh le dul díreach isteach i gclár na hArdteistiméireachta.

Tá cásanna feicthe againn nuair nach raibh scoileanna ábalta a thaispeáint conas a bhreithnítear iarratais go cothrom nuair a d'iarr tuismitheoirí aiseolas nó má rinne siad achomharc in aghaidh iarratas nár éirigh leis. Tá buairt ar leith ar thuismitheoirí maidir le cothroime agus suibiachtúlacht aon phróisis agallaimh le scoláirí nó iompar scoláire san am atá thart a chur san áireamh mar chuid de réasúnaíocht na cinnteoireachta.

Rinne roinnt tuismitheoirí a leanbh a aistriú chuig scoil eile a d'fhéadfadh Áit Idirbhliana a thairiscint. D'inis siad dúinn sula ndearna siad é sin gur mhol roinnt scoileanna an tríú bliain nó an cúigiú bliain a athdhéanamh ina ionad sin. Ceapaimidne bhfuil sé sin leordhóthanach do na mic léinn.

Is eol dúinn ó thaighde ERSI go mbaineann scoláirí a ghlacann páirt san Idirbhliain gráid níos airde amach i scrúdaithe na hArdteistiméireachta agus gur mó an seans go rachaidh siad ar aghaidh chuig an ardoideachas. Dá bharr sin, is cinneadh an-suntasach é iontráil

linbh a choinneáil amach as clár agus mar sin éilítear an leibhéal is airde trédhearcachta agus cothroime leis.

Tá a fhios againn go bhfuil an-tóir ar an Idirbhliain ó rinneadh í a phríomhshruthú i 1994/95 agus táimid ag tnúth leis an Ráiteas do Chlár leasaithe na hIdirbhliana (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) atá le heisiúint in 2024 a fheiceáil. Tuigimid go bhfuil neamhspleáchas agus solúbthacht ag scoileanna maidir lena gclár Idirbhliana a dhearadh laistigh de pharaiméadair dearaidh an Ráitis do Chlár na Idirbhliana seo. Mar sin féin, d'iarramar ar an Roinn Oideachais a chinntiú go bhfuil creat bunaithe ar chearta ann freisin chun eolas a thabhairt do rochtain ar chlár na hIdirbhliana lena chinntiú go mbeidh an próiseas cothrom, neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus cothrom do gach leanbh ar mian leo iarratas a dhéanamh.

## Cailleann James amach ar an Idirbhliain faoi áit amháin

### An gearán

Chuir a scoil James, buachaill 15 bliana d'aois, ar liosta feithimh na hIdirbhliana. Bhí beartais iontrála áitiúil ag an scoil don Idirbhliain, ach níor foilsíodh é ar a suíomh gréasáin.

Ba chosúil go raibh an córas iontrála dírithe ar iompar – bhí 13 thuairisc ag James ar a chuid iompair a bhain le hobair bhaile neamhiomlán, a easpa eagrúcháin agus droch-rannpháirtíocht sa rang. Ba é an príomhábhar imní a bhí ag tuismitheoirí James gur inis an scoil dóibh go ndéanfaí foirm iarratais chomhlánaithe, aois agus taifead tinrimh Shéamuis, agus agallamh a mheas sa phróiseas iarratais. Creideann siad nach ndearnadh aon cheann díobh sin thuas a mheas agus nár cuireadh agallamh ar James ach bhí an t-aon chinneadh bunaithe ar a easnamh iompair mar a leagtar amach thuas. D'inis na tuismitheoirí dúinn go raibh James á mheasúnú le haghaidh NHEA, rud rud a d'fhéadfadh cur le cuid dá iompar.

# Cás-Staidéir

Ó chaill sé áit san Idirbhliain tá James gafa le diúltú scoile agus tá a mheabhairshláinte ag dul in olcas. Creideann a dhochtúir teaghlaigh agus a thuismitheoirí araon nach bhfuil sé aibí go leor ag 15 don 5ú bliain agus d'fhéadfadh sé go n-éireodh a mheabhairshláinte níos measa dá dtabharfaí air an rogha sin a ghlacadh.

Bhuail cuid tuismitheoirí James leis an scoil agus rinne siad achomharc chuig an mBord Bainistíochta ach níor éirigh leo. Ar deireadh ní mhothaíonn siad go raibh beartas iontrála na hIdirbhliana cothrom agus trédhearcach agus níl aon phróiseas achomhairc ann maidir le neamhiontráil don Idirbhliain.

### Ár ngníomhú

Bhí sé sin ar cheann de go leor gearán a fuaireamar faoi rochtain ar an Idirbhliain ach toisc nach bhfuil aon treoir ann maidir le conas ba cheart do scoileanna rochtain a riar i mbliana chinneamar go raibh sé sin ina ábhar beartais don Roinn. Bhí a fhios againn go raibh an Ráiteas do Chlár leasaithe na hIdirbhliana (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta) le heisiúint go luath in 2024. Agus é sin á chur san áireamh, scríobhamar chuig an Roinn Oideachais (RC) i mí Eanáir na bliana seo agus chuireamar in iúl dóibh na hábhair imní a bhí againn maidir leis an easpa beartas iontrála náisiúnta nó creata don Idirbhliain do scoláirí. Ina dhiaidh sin bhuaileamar leis an Roinn Oideachais freisin agus ar iarratas uathu roinneamar sampla de chúig chás-staidéar/ghearán a bhain leis an tsaincheist sin.

### Toradh

Agus é seo á scríobh táimid ag fanacht le freagra foirmiúil ón Roinn Oideachais.

## Rochtain ar an Scéim Taistil Thar Lear do Philip

### An gearán

Rugadh Philip, atá 17 mbliana d'aois, le mínormáltachtaí fairsinge géaga. I mí Dheireadh Fómhair 2021 rinne tuismitheoirí Philip teagmháil linn mar gur bhraith siad gur tharraing an FSS a ngealltanas siar maidir lena chomhaontú maidir le Cóireáil Thar Lear do Philip.

Tháinig tuismitheoirí Philip chuig an OCO den chéad uair in 2013 nuair a bhí sé 9 mbliana d'aois agus ba é toradh an imscrúdaithe sin gur gheall an FSS seasamh le comhaontú i scríbhinn a rinneadh in 2009 maoiniú a thabhairt i gcomhair taisteal agus cothú do Philip chun sraith obráidí pleanáilte a fháil thar lear.

Idir 2021 agus 2023 bhí obráidí troma pianmhara fadaithe géag ag Philip thar lear agus le linn an ama sin bhí ar an teaghlach a bhí faoi bhrú tromchúiseach airgeadais mar gheall ar thréimhsí fanachta fada, maoiniú a eagrú dóibh féin. Mhothaigh cuid tuismitheoirí Philips gur theip ar an FSS seasamh lena fhocal maidir le costais taistil ó bhí 2018 ann, agus bhí easaontas ann an raibh obráid le teacht ar Philip clúdaithe faoin gcomhaontú roimhe seo nó an obráid nua í a mbeadh orthu iarratas nua ar an Scéim Taistil Thar Lear a dhéanamh ina leith.

### Cad a rinneamar

Bhuaileamar le Philip, lena mháthair agus le baill eile dá theaghlach. Bhí teagmháil fhairsing againn freisin leis an bhfoireann ag an Scéim Taistil Thar Lear chun iarracht a dhéanamh an t-ábhar a chur chun cinn arna leagan amach leis na comhaontuithe a rinne an FSS lenár nOifig agus leis an teaghlach in 2013. Níor éirigh leis sin ar dtús agus chuireamar ár n-imní in iúl do Stiúrthóir Seirbhísí Géarchúraim an FSS.

### Toradh

D'aontaigh an FSS go ndéanfadh bainisteoir sinsearach ina Scéimeanna Náisiúnta agus ina nOifig Aisíocaíochta athbhreithniú ar chás Philip. San athbhreithniú sin, a críochnaíodh i mí na Samhna 2023, cinneadh go raibh sé iomchuí sa chás sin an t-airgead taistil agus cothathaithe iomlán a comhaontaíodh roimhe seo a aisíoc. Rinneadh comhaontuithe freisin maidir le conas a dhéileálfaí le héilimh ar aon obráidí eile.

## Cuireadh srian le Ryan ar scoil

### An gearán

Is buachaill 14 bliana d'aois é Ryan ar a bhfuil ASD, míchumas intleachtúil agus ag a bhfuil riachtanais chasta. Rinne a mháthair teagmháil leis an OCO lena himní a ardú faoi úsáid na scoile as culaith uisce ar Ryan chun é a chosc ó smearadh agus é ar scoil - tuigimid gur gnáthchulaith uisce a bhí i gceist leis sin a úsáidtear le haghaidh spórt uisce. D'ardaigh máthair Ryan imní freisin gur chreid sí, in ainneoin atreorú um chosaint agus leas leanaí a rinneadh chuig Tusla maidir le húsáid na culaithe uisce, nach ndearnadh aon ghníomh, agus nach ndearnadh imscrúdú air.

Bhí Ryan corraithe agus an-trína chéile. Toisc go bhfuil sé neamhbhriathartha, ba é an toradh a bhí air gur léirigh sé crá agus gur léir go raibh sé trína chéile agus é ag dul ar scoil, rud a chuir isteach freisin ar a mháthair agus ar an bhfoireann ina shuíomh cónaithe.

### Cad a rinneamar

Scríobhamar chuig an scoil lena fháil amach cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun an cás a réiteach ar an leibhéal áitiúil. Scríobhamar chuig Tusla freisin chun ceist a chur orainn faoin méid a bhí ar eolas acu faoi chás Ryan agus a rannpháirtíocht ann, agus chuireamar ceist cén beart a rinneadh maidir leis an atreorú um chosaint agus leas leanaí. Bhí faisnéis curtha ar fáil ag máthair Ryan ag tabhairt le fios go raibh "réamhchatagóiriú mí-úsáidí fisiceacha" ann, cé go raibh sé sin sula ndearnadh aon imscrúdú ar an ábhar.

### Freagairt ón scoil

Thug an scoil freagairt chuimsitheach agus chuir sí in iúl dúinn cé nach raibh gearán

foirmiúil faighte acu ó mháthair Ryan, go raibh a fhios acu faoina cuid ábhar imní faoi úsáid na culaithe uisce agus gur bhuail siad léi agus gur phléigh siad an t-ábhar léi. Ghabh an scoil leithscéal le Ryan agus a mháthair as an gcleachtas a roghnaigh an múinteoir a chur i bhfeidhm ag an am. Bhí an scoil rannpháirteach freisin le Tusla maidir leis an atreorú um chosaint agus leas leanaí a rinneadh, agus chun freagra a thabhairt ar aon cheist nó imní a bhí fós le réiteach a bhí ag máthair Ryan i ndiaidh an chruinnithe léi laethanta i ndiaidh an teagmhais tarlú.

Tá sé admhaithe ag an scoil nach raibh beartas i bhfeidhm aici ag am an teagmhais chun déileáil le cásanna ina n-úsáidfí srian meicniúil. Mar thoradh ar an teagmhas sin, áfach, tá Beartas nua um Thacaíocht d'Iompar Dearfach agus um Iompar Sriantach dréachtaithe agus daingnithe ag an scoil chun treoir chuí a sholáthar do mhúinteoirí na scoile.

Is cosúil go dtugtar aghaidh a dhóthain leis an mbeartas nua atá daingnithe ag an mBord agus a roinntear le teaghlaigh, ar gach cás maidir le húsáid cleachtas sriantach. Tá sé i gceist ag an scoil timpeallacht a spreagadh ina ndírítear ar iompar dearfach agus treisiú seachas smachtbhannaí, rud atá ar aon dul le héiteas na scoile. Tá sé curtha in iúl ag an scoil dúinn go raibh sé dúshlánach an beartas sin a dhréachtú agus a dhaingniú in éagmais aon treoirlínte ón Roinn.

Bhog an scoil Ryan go rang nua in éineacht lena CRS is ansa leis seo chun leanúnachas a sholáthar dó, mar chuid de phlean aistrithe a cuireadh le chéile chun an t-aistriú a éascú agus tuairiscíonn an scoil agus máthair Ryan go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis ina rang nua. D'éirigh leis taisteal ar bhus na scoile gan aon teagmhais agus ghlac sé páirt i snámh leis an scoil den chéad uair i mí Aibreáin.

### Freagairt ó Tusla

Sheas Tusla le gearán mháthair Ryan agus d'admhaigh sé go raibh neamhghníomhú mar thoradh ar fhaisnéis neamhiomlán maidir le cuspóir na culaithe uisce. Tá bearta déanta acu chun aghaidh a thabhairt air sin go díreach le máthair Ryan. Rinne siad obair leantach leis an scoil freisin chun an t-atreorú a fhiosrú agus lena fháil amach cén fáth nach raibh máthair Ryan soiléir nó cinnte faoi na gníomhartha a rinne an scoil. Cé go bhfuil an chuma air ón gcomhfhreagras a sholáthair Tusla gur ghabh siad a leithscéal go forleathan le máthair Ryan agus gur thug sí le fios dóibh go raibh sí sásta leis sin, d'fhulaing an caidreamh ár ndóigh agus glacfaidh sé go leor ama chun muinín a chothú arís idir Ryan agus a mháthair, an scoil agus Tusla.

Tá bearta déanta ag an scoil agus ag Tusla araon maidir leis na bearnaí sa bheartas a chur ina gceart agus tá iarrachtaí déanta acu leithscéal a ghabháil le máthair Ryan agus a bheith trédhearcach léi agus iarracht á déanamh acu cúrsaí a réiteach chun a sástachta.

## Teach oiriúnach do Mhicheál inar féidir leis codladh i seomra leapa agus an seomra folctha a úsáid

### An gearán

Is buachaill 16 bliana d'aois agus úsáideoir cathaoir rothaí lánaimseartha é Michael, a rugadh le riocht tromchúiseach leighis. Tá Michael ar Speictream an Uathachais freisin agus tá sé faoi mhíchumas forbartha agus intleachta. Rinne a mháthair gearán linn faoina dhálaí maireachtála agus faoin easpa dul chun cinn atá déanta ag a nÚdarás Áitiúil maidir le cóiríocht oiriúnach a fháil dá riachtanais shuntasacha.

Faomhadh tacaíochta tithíochta sóisialta do Michael agus dá theaghlach in 2017 agus bhí siad ar an liosta tosaíochta do réadmhaoin atá oiriúnaithe go speisialta ó bhí 2019 ann. Bhí gearán déanta ag máthair Michael go díreach leis an Údarás Áitiúil ach níor éirigh léi an t-ábhar a réiteach.

D'inis sí dúinn gurbh í fírinne Michael nach bhféadfadh sé dul amach as an teach ná dul isteach ann ach trí chúldoras lena bhfuil rampaí iniompartha toisc nach raibh an doras tosaigh leathan go leor don chathaoir rothaí.

Bhí ar Michael codladh sa seomra suí, úsáid a bhaint as cathaoir leithris agus ní féidir leis ach folcadáin leapa a bheith aige mar nach bhfuil sé ábalta teacht ar an seomra folctha thuas staighre. Dúradh linn freisin nach bhfuil a mháthair ábalta é a iompar níos faide ná cúpla soicind a thuilleadh toisc go bhfuil Michael fásta agus nach bhfuiltear ábalta ardaitheoir a shuiteáil sa an teach atá acu faoi láthair. Mar gheall ar an gcás sin, bhí tionchar diúltach á imirt ar roinnt gnéithe de chaighdeán saoil Michael, a chumas scileanna maireachtála neamhspleácha a fhorbairt agus baineann sé an bonn dá dhínit.

### Cad a rinneamar

Bhuaileamar leis an Údarás Áitiúil chomh maith le Michael, a dheartháir agus a mháthair ina dteach chun na saincheisteanna a bhí i gceist a fhiosrú.

### Toradh

Le linn ár n-imscrúdaithe shainaithin an tÚdarás Áitiúil réadmhaoin oiriúnach do Michael agus sna míonna ina dhiaidh sin d'oibrigh siad le Foireann Líonra Míchumais na Leanaí agus le teaghlach Michael chun aontú ar phleananna ar conas a d'fhéadfaí an réadmhaoin a oiriúnú dá riachtanais ar leith. Shínigh máthair Michael le haghaidh thionóntacht an tí i samhradh na bliana 2023 agus bhog sí isteach ó shin.

## Freagairt mhearbhlach, gan chuidiú agus strusmhar ar iarratas Daniel ar thacaíochtaí scrúduithe

### Cúlra

Diagnóisíodh go raibh disléicse throm ar Daniel in 2018 nuair a bhí sé 16 bliana d'aois. Chuir a scoil iarratas ar Shocrú Litrithe & Gramadaí isteach thar a cheann chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) dá scrúduithe sa tSraith Shóisearach. Dhiúltaigh CSS an socrú do John, áfach, agus ar an bhfoirm a cuireadh ar ais, luadh i nótaí lámhscríofa nach raibh an t-iarratasóir incháilithe achomharc a chur isteach nó a thaisceadh arís. Chreid máthair Daniel go raibh sé sin ag teacht salach ar bheartais agus ar nósanna imeachta CSS ina sonraítear gur féidir achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh.

Scríobh leas-phríomhoide na scoile chuig CSS ag cur in aghaidh an chinnidh. Admhaíodh a litir ach níor eisíodh aon fhreagairt ar a cheisteanna.

Bhí imní agus strus ar Daniel agus é ag tosú ag ullmhú don Ardteistiméireacht agus fios aige nach bhfuil tarscaoileadh Litrithe agus Gramadaí aige.

### Cad a rinneamar

Scríobhamar chuig CSS agus d'fhiafraíomar cén chaoi a mheasann cásanna amhail cás Daniel agus conas a chuirtear na critéir le haghaidh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí i bhfeidhm. D'iarramar freisin ar CSS míniú a thabhairt ar an bhfáth nach raibh Daniel i dteideal an cinneadh a chur isteach arís nó achomharc a dhéanamh ina choinne.

Dúirt an CSS, nuair a chuireann scoil iarratas isteach thar ceann iarrthóra ar léir go bhfuil sé nó sí neamh-incháilithe, go bhféadfadh sé sin ionchas a chruthú go gceadófar tacaíochtaí agus go mbeidh díomá mar thoradh air nuair a chuirtear an t-iarratas ar ais. I gcás Daniel, dúirt siad gur léiríodh ina mheasúnú go raibh sé lasmuigh de na critéir cháilitheacha a theastaíonn chun rochtain a fháil ar tharscaoileadh. Dúirt siad go mbeadh sé níos cothroime ar an leanbh lena mbaineann agus ar na tuismitheoirí/caomhnóirí dá n-inseodh an scoil dóibh nach bhfuil siad incháilithe do RACE a luaithe is féidir agus nach gcuirfeadh siad iarratas isteach agus bhí acu nach gcáilíonn sé.

D'inis CSS linn go bhfuil bealaí eile ann, seachas achomhairc, chun iarratais ar shocruithe a thabhairt chun cinn do chásanna casta. Tá an próiseas atreoraithe na gCásanna Casta ar fáil chun cuidiú le scoileanna cinntí a idirghabháil i gcásanna níos deacra nó i gcás ina bhfuil ceist maidir le hincháilitheacht. Cuirtear iarratais ar Chásanna Casta ar aghaidh chuig an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) lena

mbreithniú. Tá fianaise ar riachtanas ina cuid lárnach den scéim um Shocruithe Réasúnta ag Scrúduithe Teistiméireachta (RACE).

I gcás Daniel cuireadh foirm chaighdeánach neamhchomhlíonta CSS, mar aon le nótaí lámhscríofa ar ais lena fhoirm iarratais. Bhí sé sin ina chúis le mearbhaill agus anó do Daniel, dá thuismitheoirí agus dá scoil. Sonraítear san fhoirm neamhchomhlíonta go bhfuil an t-iarrthóir neamh-incháilithe bunaithe ar a mheasúnú, agus cuirtear in iúl don scoil nár cheart an fhoirm iarratais a chur isteach arís. Sonraítear san fhoirm freisin gur féidir an t-iarratas a leasú más infheidhme agus más amhlaidh an cás measfaidh an CSS nach bhfuil aon iarratas déanta thar ceann an iarrthóra go dtí go gcuirfear an fhoirm iarratais cheartaithe/chomhlánaithe ar ais. Dúirt an CSS go raibh sé i gceist leis na nótaí lámhscríofa an teachtaireacht ar an bhfoirm neamhchomhlíonta a threisiú. I ndiaidh machnamh a dhéanamh, chreid an CSS nach raibh gá leo toisc go bhfuil an fhoirm soiléir.

### Toradh

Mar thoradh ar chás Daniel, dúirt an CSS go gcinnteoidh siad má bhíonn aon cheisteanna ann nach mór a ardú le húdaráis na scoile go scríobhfaidh siad litir fhoirmiúil ar leith chuig an scoil, seachas nótaí ar an bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le mearbhall.

Rinneadh athruithe ar an bhfoirm RACE don chéad phróiseas iarratais eile chun údaráis scoile a atreorú go sonrach chuig an bpróiseas Cásanna Casta. Déanfar athbhreithniú freisin ar an scéim RACE mar chuid d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí agus beidh sé ina phríomhthosaíocht úsáid na Teicneolaíochta Cúnta a mhéadú chun rochtain a fheabhsú agus chun tacú le foghlaim neamhspleách. Dúirt an CSS linn, mar chuid den athbhreithniú sin go mbeadh comhairliúchán fairsing agus rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara ábhartha ann.

## Níl áit naíolainne ann do Ava agus ní dhéantar aon mhaoirseacht cheart ar ghearáin

Rinne Mam Ava teagmháil linn i mí an Mhárta 2023 toisc gur chuir an fhoireann bainistíochta deireadh le háit réamhscoile Ava (3 bliana d'aois). Iarradh ar Ava fágáil i ndiaidh dá máthair gearán a dhéanamh. D'inis sí dúinn gur chreid sí gur iarradh ar Ava fágáil toisc nach raibh dúil ag an úinéir go pearsanta sa tuismitheoir agus gur tharla sé sin do theaghlaigh eile roimhe seo. Dúirt sí go raibh droch-chumarsáid ann agus nach rabhthas ag cloí i gceart le beartais agus nósanna imeachta na réamhscoile. Bhí cás roimh Mhamaí Ava ina bhféadfadh sé go mbeadh uirthi éirí as a cuid oibre chun aire a thabhairt dá leanaí go lánaimseartha, mar gheall na raibh seirbhís oiriúnach luathbhlianta ann.

### Ár ngníomhú

Bhí orainn dul i dteagmháil le tuismitheoir Ava lena mhíniú di nach bhfuil na saincheisteanna a bhí á n-ardú aici, cé go raibh siad ina n-ábhar imní, laistigh de shainchúram reatha an OCO chun scrúdú a dhéanamh orthu mar go mbaineann siad leis na gníomhaíochtaí arna nglacadh ag Soláthraí Luathbhlianta. Meastar gur gnólachtaí príobháideacha iad na soláthraithe sin in ainneoin go bhfaigheann siad maoiniú suntasach stáit chun oideachas luathbhlianta a sholáthar mar chuid den Scéim ECCE.

Threoraíomar tuismitheoir Ava chuig Coiste Cúram Leanaí an Chontae a chuireann tacaíocht ar fáil ar leibhéal an chontae áitiúil. Is tacaíocht iad atá maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tá siad lonnaithe ar fud na tíre.

### Toradh

Déantar teagmháil linn go rialta maidir le gearáin faoi Earnáil Oideachas na Luathbhlianta. Déanaimid iarracht daoine a threorú chuig an ngníomhaireacht is oiriúnaí ach táimid ag éirí níos buartha faoi rochtain tuismitheoirí ar nósanna imeachta gearán

atá oiriúnach agus éifeachtach. Tá imní orainn freisin faoin maoirseacht ar an sásra láimhseála gearán sin.

## Moilleanna Tusla maidir le nochtadh Sarah maidir le mí-úsáid gnéis a bhainistiú

Rinne Sarah nochtadh do Tusla faoi mhí-úsáid gnéis líomhnaithe in 2014 nuair a bhí sí 11 bliain d'aois. Rinne tuismitheoirí Sarah teagmháil linn toisc nach raibh siad sásta leis an dóigh ar láimhseáil Tusla an nochtadh sin.

D'inis siad dúinn go raibh moilleanna suntasach agus tréimhsí neamhghníomhaíochta ag baint leis an bpróiseas measúnaithe. Cuireadh agallamh ar Sarah ar dtús, agus chuir Tusla agallamh uirthi arís ansin go leor uaireanta thar thréimhse ceithre bliana.

Bhí a fhios ag an teaghlach gur tháinig an chúirt isteach sa scéal maidir leis an bpróiseas measúnaithe ach ní raibh siad ábalta an dóigh nó an fáth ar tharla sé sin a thuiscint go hiomlán. Ní raibh siad ábalta freagraí soiléire a fháil le linn phróiseas measúnaithe Tusla agus mhothaigh go raibh an Chúirt nó an duine a bhí faoi réir na líomhaintí mí-úsáide freagrach as a raibh ag tarlú. Bhí orthu dul i dteagmháil le Tusla chun iarracht a dhéanamh cúrsaí a chur chun cinn.

Baineadh de thátal as próiseas measúnaithe TUSLA, de réir chothromaíocht na dóchúlachta, go ndearnadh mí-úsáid gnéis ar Sarah . Bhain tuismitheoirí Sarah triail as gach bealach cuí chun sásamh fiúntach a fháil chun freagraí níos fearr a fháil sula ndeachaigh siad i dteagmháil linn.

### Cad a rinneamar

Rinneamar imscrúdú agus fuaireamar gur chaith duine óg leath dá blianta ina déagóir ag lorg freagraí ar an bhfáth ar tharla rudaí mar a thit siad amach sa phróiseas.

Fuaireamar go raibh éagothroime idir an dóigh ar breithníodh leas an linbh i gcomparáid leis an mbreithniú dlíthiúil a thacaítear go hiomlán leis maidir leis na hoibleagáidí a bhí dlite don duine faoi réir líomhaintí mí-úsáide.

D'admhaigh Tusla go ndearna sé roinnt botún agus teipeanna le linn an phróisis measúnaithe agus ghabh sé leithscéal teoranta. Bhí go leor deiseanna ag Tusla i rith an ama chun bheith trédhearcach agus cuntasach as an méid a tharla, ach níor tharla sé sin.

### Toradh

Fuaireamar go raibh drochthionchar suntasach ag maoirseacht inmheánach Tusla ar an gcás ar an duine óg agus go raibh sé mar thoradh ar fhaillí. Chaith duine óg leath dá blianta ina déagóir ag lorg freagraí ar an bhfáth ar tharla rudaí mar a thit siad amach sa phróiseas.

Theip ar Tusla

- cloí leis an dea-chleachtas bunaithe agus lena bheartais agus lena nósanna imeachta féin. Bhí moill shuntasach mar thoradh air sin agus b'éigean do Sarah páirt a ghlacadh i gceithre agallamh le Tusla agus gníomhaireachtaí eile. Chuir sé sin isteach go mór ar Sarah agus ar a máthair.
- príomhfhaisnéis a chur in iúl don leanbh agus dá teaghlach, agus freagairt do chumarsáid ón teaghlach ó 2014 go 2017.
- athbhreithniú cuí nó cuimsitheach a dhéanamh ar an gcás.
- ól gníomhach a ghlacadh sna himeachtaí dlí agus ina dtoradh.
- aird chuí a thabhairt ar leas an linbh le linn na ngníomhaíochtaí a bhain léi.

**Moltaí**

Molaimid go ndéanfadh Tusla an méid seo a leanas

- athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh ar chuir sé a ghníomhaíochtaí in iúl agus an dóigh ar mhínigh sé iad, lena n-áirítear aon bhotúin agus teipeanna, agus cuntas scríofa a sholáthar do Sarah agus dá teaghlach.
- creat bunaithe ar phrionsabail a fhorbairt (le heolas faoi ó UNCRC) chun measúnú a dhéanamh ar an leas is fearr i gcleachtas oibre sóisialta a bhaineann le leanaí agus teaghlaigh.
- athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn oibrithe sóisialta le gairmithe dlí agus a dtugann siad treoir dóibh.
- tacú le hathbhreithnithe cleachtais a thionscnamh agus a thabhairt chun críche i gcás ina bhfuil sáruithe suntasacha beartais ann agus/nó nuair a imríonn gníomhartha nó neamhghníomharthaTusla drochthionchar suntasach agus inseachanta ar leanbh nó duine óg.

# Oideachas

## Luath-Bhlianta

In 2023 lean an Fhoireann um Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta lena clár píolótach um Oideachas Luathbhlianta a d'fhorbair ceardlann a dearadh chun oibriú go díreach le leanaí agus lena dtuismitheoirí, ionas gur féidir le tuismitheoirí foghlaim faoi chearta a leanaí agus faoi ról ár nOifige. Ionad Foghlama Teiripí Bhéal Átha na Sluaighe a thacaíonn le leanaí leis an méid seo a leanas: Deacrachtaí cainte, teanga agus cumarsáide; Moill forbartha agus foghlama; Míchumas coirp/deacrachtaí gluaiseachta; Fadhbanna iompraíochta agus mothúcháin; Bhí míbhuntáiste sóisialta bainteach leis an gclár píolótach. Chuireamar fáilte roimh 30 leanbh agus 20 tuismitheoir chuig ár n-oifig agus d'oibríomar leo ar bhealach aoisoiriúnach. D'éirigh go han-mhaith leis an gcur chuige sin agus tá súil againn leanúint leis.




3.

## Grúpaí Óige

Glacann grúpaí óige páirt inár gceardlanna feasachta cearta le linn na bliana. Bhuaileamar le seacht ngrúpa óige ó cheann ceann na tíre i mbliana lena n-áirítear an tSeirbhís Oideachais don Aos Óg d'Imircigh agus do Dhídeanaithe, a thugann cuairt orainn lena ngrúpa mionaoiseach neamhthionlactha. Is deis iontach í sin dúinn a chinntiú go mbeidh leanaí atá nuathagtha go hÉirinn ar an eolas faoina gcearta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

## Tríú Leibhéal

Leanamar le seimineáir agus léachtaí a éascú do mhic léinn tríú leibhéal. Dírímid gach bliain ar dhisciplíní a bhfuil a fhios againn go mbeidh siad ag obair le leanaí ina ngairmeacha beatha amach anseo, amhail altranas, teagasc, síceolaíocht, obair shóisialta agus oideachas luathbhlianta. Chuireamar fáilte roimh mhic léinn chuig ár n-oifig agus thaistilíomar chuig ollscoileanna ar fud na hÉireann freisin, lena n-áirítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Luimnigh.

Bhí bliain ghnóthach ag an bhFoireann um Rannpháirtíocht agus agus Oideachas maidir le Cearta ar fhor-rochtain in 2023 agus thug siad cuairt ar 655 leanbh ar an iomlán i réimse suíomhanna. Lenár gcuid oibre for-rochtana, tugtar tús áite do leanaí a mbeadh deacracht acu cuairt a thabhairt ar ár n-oifig i mBaile Átha Cliath de dheasca a gcúinsí nó a suímh gheografaigh. Glacaimid an deis freisin bualadh

le heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ar fud an chontae. Ceapaimid gur bealach iontach é dúinn chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna a bhíonn roimh leanaí agus naisc a fhorbairt le seirbhísí pobail.

Thugamar cuairt ar thrí aonad d'othair chónaitheacha de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), is iad sin, Páirc Mhuirlinne i nGaillimh agus aonaid Linn Dara agus Naomh Uinseann i mBaile Átha Cliath. Thionólamar ceardlanna feasachta maidir le cearta leis na leanaí agus d'éisteamar lena dtuairimí faoi sheirbhísí meabhairshláinte in Éirinn. Is bealach uathúil na cuairteanna sin dúinn i gcónaí le cloisteáil go díreach ó na leanaí a bhfuil taithí acu ar CAMHS.

Rinne an fhoireann faoi dhá thuras ar leith chuig contaetha a mbíonn deacracht acu cuairt a thabhairt orainn i mBaile Átha Cliath. Thugamar cuairt ar Chontae Chiarraí i mí Bealtaine. I gcaitheamh ceithre lá, thionóil an fhoireann ceardlanna oideachais maidir le cearta i dtrí Bhunscoil agus dhá Mheánscoil i gCill Airne agus i dTrá Lí. Ghlacamar an deis freisin cuairt a thabhairt ar dhá Ionad Acmhainní Teaghlaigh i Lios Tuathail agus i mBaile Uí Spealáin. Is í sin an chéad bhliain ar thugamar cuairt go sonrach ar ionaid acmhainní teaghlaigh, agus ceapaimid go raibh sé thar a bheith úsáideach dúinn. Bhí deis againn ní hamháin bualadh leis an bhfoireann ach freisin le leanaí agus tuismitheoirí a úsáideann an tseirbhís. Tugtar an deis dúinn leis sin léargas a fháil ar cheisteanna maidir le cearta an linbh sna pobail.

I mí an Mheithimh chuaigh an fhoireann go Contae na Gaillimhe, agus thug siad cuairt ar cheithre bhunscoil lena n-áirítear an dá bhunscoil ar Inis Mór. Nuair a bhíomar ar an oileán bhíomar ábalta ceardlann Gaeilge a chur ar fáil do na Naíonáin Shóisearacha. Bhí lúcháir orainn an tseirbhís thábhachtach sin a chur ar fáil agus tá súil againn ár gceardlanna Gaeilge a fhorbairt tuilleadh sa bhliain amach romhainn. Le linn ár gcuid ama i nGaillimh thugamar cuairt ar BarnaHus chun foghlaim faoin obair iontach rannpháirtíochta a dhéanann siad le leanaí, chun seirbhís leanbhláraithe a fhorbairt d'íospartaigh ionsaithe gnéis. Chun ár gcuairt a thabhairt chun críche thugamar cuairt ar leanaí i Réamhscoil Teiripeach Bhéal Átha na Sluaighe agus d'oibríomar leo go díreach, agus thug siad cuairt ar ár n-oifig níos déanaí sa bhliain.

# Soláthar Díreach

Agus muid ar fhor-rochtain i gCiarraí agus i nGaillimh thugamar cuairt ar cheithre ionad Soláthair Dhírigh. Is é ár ndualgas é a chinntiú go mbeidh gach leanbh atá ina gcónaí in Éirinn ar an eolas faoina gcearta agus mar sin tugaimid cuairt ar chóiríocht tearmainn chun ceardlanna a thionól. Go hiondúil, cuirimid trí cheardlann ar fáil i ngach ionad Soláthair Dhírigh, buailimid le leanaí 4-7 mbliana d'aois nuair a chríochnaíonn an bhunscoile, agus ansin eagraímid dhá cheardlann ar leith le leanaí 8-12 bhliain d'aois agus 13-17 mblian d'aois nuair a chríochnaíonn an mheánscoil. Bíonn seisiún eolais do thuismitheoirí ar siúl againn i gcónaí freisin lena chinntiú go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoi chearta an linbh agus go mbeidh eolas acu faoinár bhfeidhm ghearán. Is bealach iontach é sin lena chinntiú go dtuigeann gach duine a gcearta agus chun tuiscint a fháil ar eispéiris saoil teaghlach agus iad i Soláthar Díreach.

# Taithí Oibre na hIdirbhliana

In 2023 mhéadaíomar líon na scoláirí Idirbhliana a ghlac páirt i dtaithí oibre laistigh den OCO. Ar an iomlán, chuireamar fáilte roimh dhá scoláire dhéag chuig an oifig le linn na bliana agus bhí ceithre shocrúchán ar leith ar siúl i mí Feabhra, mí an Mhárta, mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. Tháinig scoláirí as an Mí, Cill Mhantáin, Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh.

Chomh maith le cuidiú leis an bhfoireann um Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta ceardlanna a sholáthar, bhí deis ag na scoláirí freastal ar imeachtaí iomadúla lena n-áirítear seimineár ar chearta an linbh ag Scoil na Síceolaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ar sheoladh ár dtuarascála bliantúla féin.

Fuair na scoláirí an deis taighde a dhéanamh ar thacaíochtaí stáit do leanaí ón Úcráin, gearáin shamplacha a mheas, agus fiú a mbogearraí deartha ghrafaigh póstaer féin maidir le cearta féin a dhéanamh.

Scríobh siad blagmhíreanna freisin ar thacaíochtaí do leanaí faoi mhíchumas, cosaint leanaí, tithíocht shlán, cúram meabhairshláinte leanaí agus an tábhacht a bhaineann le hoideachas um chearta don roinn 'It's Your Right' ar ár suíomh gréasáin.

## Athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu ('EPSEN') 2004

I mí an Mhárta 2023, chuir an OCO moltaí isteach maidir leis an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu ('EPSEN') mar fhreagairt ar chomhairliúchán poiblí a thionscain an Roinn Oideachais. Ba é b'aidhm d'Acht EPSEN, a achtaíodh i 2004, aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais scoláirí faoi mhíchumas in Éirinn, ach tá codanna suntasacha ann fós nach bhfuil curtha chun feidhme.

Tugadh chun suntais inár n-aighneacht an gá le:

- Acht EPSEN a achtú go hiomlán
- Ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)
- Rochtain fheabhsaithe ar thacaíocht oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Gníomhú feabhsaithe tuismitheoirí i gcinntí oideachais
- Forálacha neartaithe maidir le hoideachas cuimsitheach

Tá gníomhartha nithiúla i dtreo achtú iomlán agus athruithe córasacha ríthábhachtach chun tacaíocht thráthúil agus chuimsitheach a chinntiú do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, rud a chothóidh fíorthimpeallacht don oideachas cuimsitheach. Leanfaidh an OCO le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann leis an athbhreithniú sin agus le cearta leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.



# Sláinte


## Seirbhís Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh

Bhí an tOmbudsman do Leanaí, an Dr Niall Muldoon ina chomhairleoir don Choimisiún Meabhairshhláinte ina athbhreithniú ar na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh sa Stát a rinneadh le linn 2023. Rinneadh an t-athbhreithniú sin mar fhreagra ar na hábhair imní an-tromchúiseacha ar tarraingíodh aird orthu i gCiarraí i dTuarascáil Maskey.

Ní mór gníomhú ar mholtaí Athbhreithnithe an Choimisiúin Mheabhairshláinte gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais a bhí ar siúl i roinnt CHOnna, cleachtais imníocha a bhí do-ghlactha go huile agus go hiomlán agus a fhágann leanaí i gcontúirt.

Sonraítear i dtuarascáil an Choimisiúin Meabhairshláinte teipeanna rialachais agus maoirseachta ar an leibhéal is airde san FSS. Léirítear cásanna ann ina raibh leanaí i mbaol díobhála, i gcás nár ghlac ach limistéar CAMHS amháin le 38% de na hatreoruithe, ina raibh 140 leanbh nár cuireadh san áireamh san obair leantach. Is céim thábhachtach tosaigh é ceapachán Ceannaire Meabhairshláinte Leanaí agus na hÓige san FSS lena ngealladh go ndéanfar athrú sa réimse sin. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh gealltanais do rialachas agus maoirseacht ar CAMHS.

4.



## Seisiún eolais ar an meabhairshláinte ag Teach Laighean

Is tosaíocht straitéiseach don OCO é ceart an linbh ar Sheirbhísí Meabhairshláinte a chur chun cinn. Mar chuid den obair sin chuireamar ár dTosaíochtaí Meabhairshláinte do Leanaí i láthair do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus d'fhoireann an Oireachtais sa Seomra AV i dTeach Laighean i mí na Samhna 2023. Inár gcur i láthair, tugadh eolas faoi na cineálacha gearán a fhaighimid maidir leis an meabhairshláinte, an méid a bhí le rá ag leanaí faoina n-eispéiris ar sheirbhísí meabhairshláinte, an méid a iarrtar lenár dtosaíocht maidir le beartas meabhairshláinte agus cuid de na príomhcheisteanna eile a théann i gcion ar mheabhairshláinte leanaí in Éirinn. D'fhreastail suas le 30 ball den Oireachtas agus a bhfoireann ar an seisiún eolais. Dhírigh príomhcheisteanna an OCO faoi Mheabhairshláinte Leanaí ar cheithre phríomhréimse: reachtaíocht, infheistíocht, leasú ar CAMHS agus cuimsiú tacaíochtaí meabhairshláinte i scoileanna. I measc cuid dár bpríomhphointí bhí:

- Fáilte a chur roimh obair chun an Bille um Meabhairshláinte (Leasú) 2021 a chur chun cinn.
- Fáilte a chur roimh fhorálacha molta do leanaí atá 16 bliana d'aois agus níos sine toiliú a thabhairt do ligean isteach agus cóireáil agus diúltú dóibh, ach ár n-imní faoi fhorálacha atá beartaithe i ndáil le leanaí faoi 16 bliana d'aois a léiriú.
- Ár n-imní shuntasach faoi mholtaí chun iontráil leanaí chuig saoráidí d'othair chónaithe aosach a chur ar bhonn reachtúil a léiriú.
- A thabhairt chun suntais go bhfuil an buiséad iomlán a leithdháiltear ar an meabhairshláinte fós níos lú ná 6% den bhuiséad iomlán don tsláinte.
- A shonrú go gcaitear níos lú ná 0.7% den bhuiséad sláinte ar CAMHS agus nach bhfuil aon mhaoiniú imfhálaithe dó, agus ní féidir leis an Stát a rá cad atá á chaitheamh aige ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí.
- A shonrú cé go ndéanann roinnt baill foirne CAMHS agus agus gairmithe aonair ar fud na tíre sár-obair do leanaí, léiríodh le hAthbhreithniú Neamhspleách an Choimisiúin. Meabhairshláinte a foilsíodh in 2023 nach bhfuil soláthar ardchaighdeáin dá leithéid ar fáil ar bhonn comhionann do gach leanbh ar fud na tíre.
- Fáiltiú roimh sheoladh an Chláir Phíolótaigh de Thacaíochtaí Comhairleoireachta i mBunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2023 agus ag sonrú ár gcuid tacaíochta d'fhorbairt agus do leathnú an chláir phíolótaigh isteach i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil.




# Comhairliúchán Maidir le Rialáil Bhreise ar Thobac agus ar Tháirgí Ionanálaithe Nicitín (Nollaig 2023)

Tá úsáid táirgí vápála ag leanaí ina ábhar imní don OCO. I mí na Nollag 2023, scríobhamar chuig an Aire Sláinte mar fhreagairt ar chomhairliúchán a bhí ar siúl maidir le tuilleadh rialála a dhéanamh ar thobac agus ar tháirgí ionanálaithe nicitín.

Thugamar achoimre ar na caighdeáin ábhartha um chearta an linbh, lena n-áirítear Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) lena gceanglaítear ar Stáit aitheantas a thabhairt do cheart an linbh chun an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith aige nó aici, chomh maith le treoir an Choiste um Chearta an Linbh gur chóir go mbeadh an íosteorainn aoise socraithe ag18 mbliana d'aois chun alcól agus tobac a úsáid agus a cheannach, i bhfianaise an mhéid riosca agus dochair a bhaineann leis.

Thacaíomar le forbairt rialachán lena gcuirtear cosc ar rochtain ar tháirgí ionanálaithe nicitín do gach leanbh faoi 18 mbliana d'aois chun a gceart ar an gcaighdeán sláinte is airde is féidir a chosaint. Mholamar gur cheart breathnú ar rialacháin a fhorbairt atá, ar a laghad, ar comhchéim le rialacháin maidir le hinfhaighteacht táirgí tobac agus nochtadh dóibh. D'iarramar ar an Aire freisin smaoineamh ar rialáil a dhéanamh chun cosaintí níos láidre a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga maidir le rochtain ar thobac agus ar tháirgí ionanálaithe nicitín agus ar a bhfógairt. Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse sin.


MENTAL HEALTH
“Assessment of needs take too long. When a child eventually sees someone it’s too late as there was no early intervention.”
“The mental health services in my community and area are severely lacking.”
"Pandemic has negatively affected young people’s mental health. Anxiety levels are high in children and teenagers. I would like to see CAMHS provide a better service andshorter waiting lists please."
“I think in Ireland, like with mental health, there’s a big attitude of, you know, NGOs filling the responsibilities that government organisations fail to meet.”
ombudsman do leanaí for children
Quotes from Pieces of Us


OCTOBER
Budget announced
No dedicated budget line for mental health. No allocation to children.
NOVEMBER
European Commission assesses Ireland's draft budgetary plan.
HSE notified of funding. Priorities identified by Minister.
Missed opportunity to include children in National Service Plan
DECEMBER
Budget revisions- final budget for HSE.
Expenditure categorised under 9 headings. No mental health heading. Mental Health falls under 'HSE Health and Social Care Services'.
No way of knowing how most this allocation will be spent. Children invisible.
DECEMBER
NSP is published (often delayed).
Mental health funding for CAMHS is contingent on the NSP.
Budget is distributed to CHOs. Individual CHOs decide how to spend it
No clarity on how much is being spent on children. Funding at CHO level determined by pre-existing services, not by need. Only high level reports on spending from CHOs to HSE – no detail.
ONGOING
Allocation and expenditure at local level. Money sits with the CHOs. Budgets move between areas and do not entirely reflect NSP.
Lack of centralised financial, procurement, and IT systems. HSE cannot say how much it is spending on children. Disparity between regions on how money is spent on children.
MAY
Publication of HSE's annual financial statements. Annual issues with unplanned expenditure and overspending.
No information on amount spent on mental health services for children throughout the year.
JUNE
Publication of the Summer Economic Statement, the Government's medium-term budget strategy
Only at this point, expenditure does children's mental health becomes visible. And very little detail.
JULY
Mid-Year Expenditure Report (MYER) is published. It identifies baseline pre-Budget expenditure ceilings.
No indication that children's mental health is actively considered when the budget is being prepared in advance of budget day.
AUGUST
Spending Review papers are published.
No spending paper on children's mental health.

## Suirbhé OCO ar Mheabhairshláinte – *A Piece of My Mind*

Suirbhé is ea *A Piece of My Mind* a tháinig chun cinn mar thoradh ar *Pieces of U*, tuarascáil leanaí Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Ba í an mheabhairshláinte an tsaincheist aonair ba mhó a ardaíodh i dtuarascáil na leanaí. Rinneadh tagairt di i ndáil le brúnna scoile agus seirbhísí CAMHS, agus go sonrach, maidir le liostaí feithimh agus cáilíocht seirbhísí. Mar gheall ar thábhacht na saincheiste sin chinn an OCO féachaint tuilleadh air. I mí na Nollag 2022, choimisiúnaíomar suirbhé chun tuilleadh faisnéise a bhailiú ó leanaí chun cuidiú linn tuiscint níos fearr a fháil ar a n-eispéiris, a n-ábhair imní agus a moltaí le haghaidh tacaíochtaí agus seirbhísí. Le *A Piece of my Mind* rinneadh suirbhé ar 2,166 leanbh 12-17 mbliana d'aois.

In *A Piece of my Mind* fuarthas go raibh deacracht ag seisear as deichniúr leanaí a d'fhreastail ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) an bhliain seo caite maidir le rochtain ar an tseirbhís, agus dúirt beagnach an leathchuid acu (42%) nár chuidigh an tseirbhís a fuair siad faoi dheireadh lena gcuid fadhbanna meabhairshláinte.

As na leanaí a ghlac páirt sa suirbhé ar líne, bhí 6% ag baint úsáid as CAMHS ag an am, agus bhí teacht ag 12% acu ar CAMHS ag am éigin. D'aithin leanaí agaí feithimh fada mar an dúshlán is mó maidir le rochtain a fháil ar CAMHS agus mhothaigh cuid mhaith acu nuair a chonacthas iad, gur theip ar an tseirbhís chun tabhairt faoina gcuid riachtanas.

Go suntasach, deir 78% de na leanaí ar a ndearnadh suirbhé go raibh roinnt deacrachtaí meabhairshláinte acu. Ba iad na cúig chúis is mó le deacrachtaí meabhairshláinte do leanaí ná brú ar scoil (74%), íomhá coirp (65%), cairdeas nó caidrimh (61%), brú ó mheáin shóisialta (48%) agus bulaíocht (47%). Bhí níos mó cailíní ná buachaillí ag streachailt lena meabhairshláinte (55% i gcoinne 44%), agus as an 6% de leanaí neamh-dhénártha a fhéinaithníonn mar eile, dúirt beagnach gach duine acu (94%) go raibh deacrachtaí meabhairshláinte de chineál éigin acu.

## *Nowhere to Turn* – leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu agus nach bhfuil aon áit chónaithe acu

Inár dtuarascáil *Nowhere to Turn*, leagadh béim ar an gcruachás atá ag roinnt leanaí faoi mhíchumas casta, a gcaithfidh a dtuismitheoirí an cinneadh uafásach a dhéanamh iad a fhágáil ina ndiaidh in ospidéil, in ionaid chónaithe agus i scoileanna speisialta toisc nach féidir leo rochtain a fháil ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí leordhóthanacha a theastaíonn uathu chun aire a thabhairt dóibh sa bhaile.

Imríonn an teip sin ag an Stát tionchar ar cheart leanaí chun fás aníos ina gcuid teaghlach agus is minic go gcoinnítear leanaí i suíomhanna míchuí ar feadh seachtainí nó míonna gan rogha socrúcháin imleor eile. Bhí *Nowhere to Turn* mar thoradh ar ár n-imscrúdú in 2020 ar chás Jack, buachaill beag a bhí míchumas trom i ndiaidh bheith i dtimpiste gluaisteáin, agus a fágadh in ospidéal ar feadh breis agus dhá bhliain thar a riachtanas leighis.

Cé go bhfuil Jack ag déanamh go maith anois, ciallaíonn teip an FSS ár moltaí go léir a d'eascair óna chás a chur chun feidhme go hiomlán, nach bhfuil na tacaíochtaí agus na seirbhísí cuí a theastaíonn ó leanaí eile agus óna dteaghlaigh á bhfáil acu fós.

Áiríodh leis na moltaí sin próiseas measúnaithe a fhorbairt chun riachtanais an linbh a chinneadh, pacáiste tacaíochta ar leith a sholáthar dóibh, agus a chinntiú go bhfuil maoiniú imfhálaithe ann i gcomhair na seirbhísí sin. D'iarramar ar ann FSS freisin

a chinntiú go mbeidh réimse roghanna socrúcháin acu don mheántéarma agus don fhadtéarma i gcás nach féidir le leanaí filleadh abhaile.

Mar thoradh air sin, tá gearáin fós á bhfáil ag OCO ó thuismitheoirí leanaí atá, cosúil le Jack, mar gheall ar easpa pleanáil straitéiseach, fós sa suíomh mícheart ar feadh tréimhse rofhada nó tá siad fágtha gan an tacaíocht cheart.

## Cóireáil Scolóise do Ivy


I mí an Mheithimh 2021, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) imscrúdú ar éifeachtúlacht phróiseas pleanála ildisciplíneach FSS ag Sláinte Leanaí Éireann (CHI) ag Sráid an Teampaill maidir le cóireáil scolóise a sholáthar. Díríodh ár n-imscrúdú ar chás Ivy a bhí ag fanacht le hobráid comhtháthaithe dromlaigh le haghaidh scolóise le cúig bliana ó bhí 2016 ann. Bhí sí 12 bliain d'aois ag an am sin. Tháinig meath mór ar chuaire dromlaigh Ivy, a rugadh le pairilis cheirbreach, ag dul ó 30 céim go dtí os cionn 135 céim. Nuair a tháinig Ivy agus a teaghlach chugainne, i ndiaidh dóibh a n-imní a ardú roinnt uaireanta lena ndochtúir teaghlaigh, comhairleoir Ivy agus CHI, d'inis siad dúinn conas a bhí an éiginnteacht a bhain lena hobráid ag dul i bhfeidhm ar gach gné de shaol Ivy, ar bhonn fisiciúil agus ar bhonn meabhrach. Mhínigh siad freisin an anacair a bhí ar an teaghlach ar fad mar gheall ar mhí-fhoirmiú dromlaigh Ivy agus an tionchar ar a sláinte ar an iomlán agus ar a cumas feidhmiú agus ar a cumas freastal ar scoil. Cuireadh Ivy faoi obráid ar deireadh in 2021, rud a laghdaigh a leibhéil péine go mór agus a d'fheabhsaigh a caighdeán saoil.

Nuair a rinneamar imscrúdú ar chás Ivy fuaireamar go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí riaracháin CHI ar a saol. Is é an rud a fuaireamar ná gur theip ar CHI cumarsáid chuí a dhéanamh le Ivy í féin, agus lena teaghlach faoi phleanáil a gcúraim leighis. Fuaireamar go raibh an drochchumarsáid ina sárú ar bheartais agus ar nósanna imeachta an ospidéil féin maidir le liostaí feithimh a bhainistiú agus teagmháil a dhéanamh le hothair agus lena dteaghlaigh. Fuaireamar freisin gur theip ar an ospidéal aghaidh a thabhairt i gceart ar ghearán a rinne athair Ivy thar a ceann faoi na hábhair sin.

Mholamar do ndéanfadh CHI iniúchadh ar an liosta feithimh do chúram scolóise leanaí, le bheith cinnte go bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis cothrom le dáta agus bailí. Mholamar go ndéanfadh CHI athchóiriú ar an bpróiseas inar féidir leis an othar/teaghlach/cúramóir/dochtúir teaghlaigh nó daoine eile a bhfuil baint acu le cúram an othair tús a chur le hathbhreithnithe ar chúram othar. D'iarramar go roinnfí an ráiteas imscrúdaithe sin leis an FSS agus le páirtithe leasmhara eile chun go bhfoghlaimeofaí ceacht ó eispéiris dhiúltacha Ivy. Ar deireadh, mholamar go ndéanfadh CHI iniúchadh ar an mbeartas láimhseála gearán agus ar na cleachtais ag CHI.

### Athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag CHI maidir leis na Moltaí

In 2024 déanfaidh an OCO athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara go léir ar an dul chun cinn atá déanta ag CHI maidir leis na moltaí a comhaontaíodh.



# Cearta Leanaí atá ag Teacht go hÉirinn a Chur Chun Cinn

## Tuarascáil Speisialta an OCO maidir le Sábháilteacht agus Leas Leanaí i Soláthar Díreach


Den chéad uair ó bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí in 2004, rinne an OCO Tuarascáil Speisialta maidir le Sábháilteacht agus Leas Leanaí i Soláthar Díreach a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2023. Leagadh é sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi alt 13(5) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, i gcás nach bhfuil an tOmbudsman sásta leis na bearta a glacadh mar fhreagairt ar imscrúdú. Bhí an Tuarascáil Speisialta mar thoradh ar imscrúdú a rinne an OCO roimhe seo ar Sholáthar Díreach in 2021 agus spreagadh í le himní go bhfuil an scéal níos measa ó shin i leith do leanaí a bhfuil cónaí orthu i Soláthar Díreach mar gheall ar fhreagairt ón Rialtas a bhí spreagtha ag géarchéime.

5.

Áiríodh trí phríomhghlao chun gnímh inár dTuarascáil Speisialta:

- Cuir deireadh le húsáid óstán tráchtála agus pleanáil le haghaidh brúnna ar thoilleadh cóiríochta
- Cuir sásra láidir dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm
- Déan leochaileacht leanaí a mheasúnú sa phróiseas um chosaint idirnáisiúnta

Sheol Niall, Nuala Ward, ár Stiúrthóir Imscrúduithe, agus POF Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann, Nick Henderson an Tuarascáil Speisialta ag preasagallamh in Óstán Buswells i mBaile Átha Cliath. I mí na Samhna 2023, rinneadh plé i nDáil Éireann ar Thairiscint Chomhaltaí Príobháideacha maidir le Tuarascáil Speisialta an OCO.



CHILDREN'S OMBUDSMAN

'History will not judge us well': Children unsafe in Direct Provision, Ombudsman warns

Irish Independent | News | Opinion | Business | Sport | Life | Style | Ent

Stop putting asylum children in hotels, Children Ombudsman tells Government in scathing criticism of direct provision system




RTÉ | NEWS | SPORT | ENTERTAINMENT | BUSINESS | LIFESTYLE | CULTURE | PLAYER | TV | RADIO

NEWS ▸ IRELAND ▸ World | Business | Sport | Nuacht | Programmes | RTÉ Investigates

Special report on concerns for children in Direct Provision submitted to Oireachtas

# Mionaoisigh Neamhthionlactha ón Úcráin

In 2023, thug an tAonad Rannpháirtíochta agus Oideachais maidir le Cearta cuairt ar thrí shuíomh ina raibh leanaí ón Úcráin ina gcónaí, gan a dtuismitheoirí. Bhuaileamar le 50 Mionaoiseach Neamhthionlactha ón Úcráin ar an iomlán. Thionólamar ceithre sheisiún feasachta ar chearta leis na leanaí lena chinntiú gur thuig siad a gcearta faoin UNCRC agus cad a raibh siad i dteideal a fháil agus iad in Éirinn. D'inis siad dúinn faoina n-imní dá dteaghlaigh agus a ndóchas dá saol in Éireann. Bhí cuid de na leanaí ar scoil nó ar choláiste in Éirinn agus bhí cuid eile ag leanúint lena gcuid oideachais go cianda ón Úcráin. Bhí formhór na leanaí sásta leis an gcúram a bhí á fháil acu ina dtithe cónaithe agus bhí siad buíoch as an tacaíocht a bhí á fáil acu ó Oibrithe Cúraim Shóisialaigh. Bhí eagla mhór ar go leor acu, áfach, faoi cad a tharlóidh nuair a shlánóidh siad 18 mbliana d'aois agus nach mbeidh siad incháilithe a thuilleadh chun cónaí i gcóiríocht chúraim chónaithigh agus go rachaidh siad isteach i gcóiríocht phríomhshrutha do Dhaoine faoi Chosaint Shealadach. Bhí sé sin ina chúis le go leor imní agus eagla i measc na leanaí. D'ardaigh an OCO na hábhair imní sin leis na Ranna ábhartha agus leanfaidh sé ar aghaidh ag obair ar an tsaincheist sin le linn 2024.

# Tuairimí Leanaí

## Clár Ambasadóirí Scoile OCO


Seoladh an clár píolótach Ambasadóirí Scoile an OCO in 2023, inar oibríomar i gcomhpháirtíocht le dhá bhunscoil chun feasacht a mhúscailt ar chearta an linbh trí ghníomhaíochtaí spraíúla éagsúla agus cruthú ábhair. Bhí an-áthas orainn oibriú le Comhairle na nDaltaí ag Scoil Náisiúnta Naomh Aodán, Tamhlacht agus le daltaí rang a 5 ó Scoil Náisiúnta na Rátha Móire sa Nás, arbh iadsan ár gcéad Ambasadóirí Scoile OCO. Cuireadh tús leis an gclár nuair a thug Niall cuairt ar an dá scoil chun ceardlann ar Chearta an Linbh a sholáthar. Tugadh níos mó cuairteanna le linn na bliana, agus rinne ár nAmbasadóirí Scoile gníomhaíochtaí feasachta um chearta sa seomra ranga. Leag siad béim freisin ar na cearta a bhí tábhachtach dóibh, agus roinneadh iad ar chainéil meán sóisialta an OCO. Ag deireadh na bliana, eisíodh Teastas rannpháirtíochta i gClár Ambasaóidí Scoile OCO chuig ár scoileanna Ambasadóirí. I bhfianaise rath an chláir phíolótaigh in 2023, leanfar le Clár Ambasadóirí Scoile an OCO agus déanfar é a fhorbairt go dtí 2024.



# 6.


11:50
Find related content
Search
Meet our OCO Scho
Ambassadors
Ombudsman For Children · 4-27
We are delighted to welcome
Rathmore National School as o...


ombudsmanforchildren
1/3
Boost post
View Insights
Liked by findingyourwings_unacurran and 35 others
ombudsmanforchildren Meet our OCO School Ambassadors 2023/24! You'll be seeing a lot more of St.Aidans on our social channels this year, who... more
6 days ago


ombudsmanforchildren
1/2
RIGHTS
EDUCATION
View Insights
Boost post
Liked by findingyourwings_unacurran and 18 others
ombudsmanforchildren Following our rights workshop, our School Ambassadors at Rathmore N.S designed these amazing posters about the rights that... more
2 days ago


Scoil Chéile Chríost Rathmore N.S. @RathmoreSchool · May 30
We have been learning about children's rights as partner school with the Ombudsman for Children Office. @OCO_ireland @Education_Ire @dcediy #ChildrensRights
on the Rights of the Child
Food And
of the
Rights
2
286

# Child Talks 2023

Agus é ina seú bliain anois 2023,cuireann Child Talks beo ón Helix i mBaile Átha Cliath an 7 Samhain agus ba é an ceann is mó go dtí seo é. Bíonn Child Talks ar siúl gach bliain chun Lá Domhanda na Leanaí a cheiliúradh, agus is imeacht uathúil é lena dtugtar ardán poiblí do leanaí agus do dhaoine óga chun labhairt faoi cheisteanna atá tábhachtach dóibh. Chualamar mbliana ó shé chainteoir óga, 10-17 mbliana d'aois, a raibh i measc na n-ábhar a roghnaigh siad meabhairshláine, bheith mar bhall de LGBTQ+ in Éirinn, vápáil, néara-éagsúlacht i scoileanna agus rochtain ar ábhair ETIM do chailíní. D'fhreastail beagnach 1,000 leanbh scoile as Cill Dara, Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Corcaigh, An Iarmhí, Maigh Eo, Ros Comáin agus an Mhí ar an imeacht. Breathnaíodh ar Child Talks freisin i seomraí ranga ar fud na hÉireann ar ár sruth beo OCO. Ba iad Mark Langtry the Science Guy agus ár n-iarchainteoir Sophia Mulvany a chuir an t-imeacht i láthair, agus bhí léirithe speisialta ann le Alisha Weir ó Matilda, Michael Moloney ón Late Late Toy Show agus dhá DJ óga ó Music Generation. Bhí India Sacha, an cruthaitheoir ábhair agus réalta TikTok againn freisin ag scannánú ábhar Behind the Scenes dár gcainéil meán sóisialta. Cuireadh tús le hearcaíocht ar líne agus trí fhógraí raidió áitiúla le haghaidh Child Talks go luath in 2023 agus rinne leanaí ó gach cearn den tír iarratas ar pháirt a ghlacadh. Chuaigh foireann OCO amach i measc scoileanna timpeall Bhaile Átha Cliath freisin chun an scéal a scaipeadh agus cuireadh a thabhairt do dhaltaí scoile iarratas a dhéanamh.  Sna míonna roimh an imeacht, d'oibrigh an OCO le tacaíocht ó Dublin Story Slam, lenár sé chainteoir roghnaithe chun cuidiú leo a scéal a insint agus ullmhú don seó.














# Foxford teenager takes part in Child Talks 2023

Eoin Murphy, aged 16, from Foxford, was one of six young speakers to take to the stage at the Helix in Dublin last month for Child Talks 2023, the annual World Children's Day event hosted by the Ombudsman for Children's Office.

Almost 1,000 schoolchildren from Kildare, Dublin, Wicklow, Cork, Westmeath, Mayo, Roscommon, and Meath attended Child Talks, now in its sixth year.

This year's speakers ranged in age from 10 to 17 years and their chosen topics included mental health, being LGBTQ+ in Ireland, vaping, neurodiversity in schools, and access to Stem subjects for girls.

Presented by Mark the Science Guy and past speaker Sophia Mulvany, there was also live entertainment from special guests *Matilda's* Alisha Weir and singer Michael Moloney from the *Late Late* Dublin Story Slam, worked with the young people involved to help them tell their stories.

For his talk, Eoin spoke

Foxford teenager Eoin Murphy speaks at Child Talks 2023.

journey as a country on talking about sensitive topics such as this but we need to go further."

Ombudsman for Children

## Cérbh é an gné ba thaitneamhaí/ba nótáilte faoi imeacht, dar leat?

Bhí an t-atmaisféar go hiontach, labhair na daltaí a ghlac páirt go han-mhaith agus bhí na háiseanna thar cionn.

Bhí na cainteoirí go léir thar barr ar fad, agus bhain ár gcuid daltaí an-taitneamh as atmaisféar an imeachta ina iomláine.

Cainteanna Pearsanta na Leanaí, bhí siad iontach spreagúil. Bhí an tsiamsaíocht taitneamhach freisin.

Atmaisféar dearfach, ábhair ilghnéitheacha á bplé, thar cionn do dhaoine óga chun a gcuid piaraí a fheiceáil ar an stáitse mór óna gcroí amach.

Óráidí na nDaltaí

# Painéal Comhairleach Óige an OCO

Bunaíodh Painéal Comhairleach Óige (YAP) an OCO in 2020 ar bhonn píolótach agus i ndiaidh athbhreithniú a rinneadh in 2023 rinneadh YAP a chomhtháthú go hiomlán inár gclár oibre. Leanfaidh YAP ag obair go dlúth leis an OCO chun tionchar a imirt ar ár gcuid oibre agus lena chinntiú go n-éistfear le tuairimí leanaí ar cheisteanna a bhaineann leo. Tá YAP comhdhéanta de 20 duine óg ó réimse cúlraí ar fud na hÉireann. Le linn 2023 d'oibrigh siad go príomha ar an obair leantach a rinneadh ar *Pieces of Us*, an tuarascáil leanaí a cuireadh faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

## Eispéireas Luke mar bhall de YAP OCO

Haigh, Luke is ainm domsa, tá mé 16 bliana d'aois agus tá mé i mo chónaí i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Táim páirteach in YAP OCO ó bhí thús mhí Mheán Fómhair 2023 ann. Nuair a ghlac mé ballraíocht ann ar dtús ní raibh mé ar an eolas go hiomlán faoi na cearta go léir atá againn mar leanaí ach bhí fonn orm foghlaim faoi.

Tá sé mar aidhm ag YAP OCO cearta gach linbh a chónaíonn in Éirinn a chosaint. B'iontach an t-eispéireas é bheith mar chuid den YAP. Ó bheith ag bualadh le daoine nua agus an obair iontach a dhéantar ar nós *Pieces of Us* a fheiceáil, is tuairisc í sin a ina dtugtar tuairimí 5,715 leanbh a ghlac páirt ann chun suntais. Bhí gach duine a oibríonn le painéal comhairleach na hóige nó ar phainéal comhairleach na hóige thar a bheith fáilteach, cineálta, tacúil agus cabhrach. Bhí sé sin iontach domsa mar bhall nua mar go raibh mé ábalta cairde a dhéanamh go héasca. Is spás iontach é an YAP OCO ina mothaíonn gach duine ar a suaimhneas agus go nglactar leo. Is cuma cé thú féin nó cá dtagann tú as, tá YAP OCO ina áit iontach chun do chuid smaointe a roinnt le daoine atá ar aon intinn le chéile. Is sé go hiontach bheith mar chuid de YAP agus bím ag tnúth leis an gcruinniú le mo chairde i gcónaí.

Bíonn cruinnithe rialta againn mar chuid de YAP ina bpléimid cearta an linbh agus na saincheisteanna a bhíonn romhainn gach lá. Is féidir leis na saincheisteanna sin a bheith idir easpa oiliúint múinteoirí i scoileanna agus i réimsí eile, easpa spásanna inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas i gclubanna spóirt, i scoileanna agus i gclubanna iarscoile. Is iontach an rud é sin mar go bhfuil daoine againn ó gach cineál saoil a bhfuil a n-eispéiris aonair féin ar an YAP acu. A bhuí leis an éagsúlacht sin, is féidir linn déileáil le gach cás chomh fada agus atá ar ár gcumas. Le linn aon cheann de na cruinnithe sin is féidir linn aghaidh a thabhairt freisin ar ár n-ábhair imní ar leith ar mhaith linn aghaidh a thabhairt orthu. Úsáidim na tréimhsí sin chun oideachas a chur orm féin faoi eispéiris leanaí eile in áiteanna eile sa tír.

### Ardán Rannpháirtíochta an Aontais

Mar chuid de thiomantas an Aontais do leanaí saol sona sláintiúil a chaitheamh agus bunaithe ar aiseolas ó na mílte leanbh chruthaigh siad Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh. Dírítear an straitéis sin ar leanaí ag tabhairt a gcuid tuairimí agus a bheith rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta, éascaíonn an t-ardán rannpháirtíochta spás sábháilte le haghaidh sin. Tá an t-ardán do gach duine faoi 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí san Aontas Eorpach agus tá ceithre chuid ann. Is leanaí agus eagraíochtaí atá ag obair ar son chearta an linbh iad na comhaltaí, tá painéal na leanaí comhdhéanta de 10-20 leanbh chun comhairle a thabhairt ar obair an ardáin, tá daoine fásta agus leanaí ó eagraíochtaí AE a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí ar an mbord comhairleach a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí agus ar deireadh tá rúnaíocht an ardáin comhdhéanta de ghairmithe agus de shaineolaithe lena chinntiú go reáchtálann an t-ardán mar is mian le gach duine. Míníonn ár mball YAP Toby a rannpháirtíocht:

> “Bhí an t-eispéireas a bhí agam le hardán rannpháirtíochta an Aontais an-eolasach, ag foghlaim dom faoi na smaointe agus na tuairimí ó dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh agus ní daoine óga as Éirinn amháin. Trí ardán rannpháirtíochta Eorpach a chruthú, tugadh níos mó dearcadh dom ar conas aird na ndaoine óga a tharraingt. Agus a bhuí leis na gníomhaíochtaí tosaigh a rinneamar le chéile bhí sé níos éasca oibriú le chéile. Chuir sé níos mó paisean ionam agus fuair mé níos mó smaointe maidir le conas is mian liom oibriú ar chearta an linbh ar fud na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh amach anseo.”

## Gradaim do Rannpháirtíocht Leanaí agus na hÓige

Lean an Fhoireann um Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta ag tacú le hobair na nGradam do Rannpháirtíochta Leanaí agus na hÓige, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, Tusla, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, Gaisce, Hub ná nÓg agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Chuidigh ionadaithe ónár bhfoireann leis an bpróiseas gradam trí páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Stiúrtha agus sa Choiste Meastóireachta. Aithnítear leis an nGradam do Rannpháirtíocht Leanaí agus na hÓige obair ardchaighdeáin a dhéanann seirbhísí agus tionscadail chun tacú le rannpháirtíocht leanaí sa chinnteoireacht. Bronntar an gradam orthu siúd a thaispeánann gur chomhlíon siad na ceithre chritéar i Múnla Lundy um Rannpháirtíocht. Reáchtáladh an searmanas bronnta d’iarratasóirí rathúla i mí Dheireadh Fómhair in Lighthouse Cinema. B’ócáid áthais a bhí ann agus thug sé pléisiúr dúinn bualadh le rannpháirtithe na dtionscadal iontach ó ar fud na hÉireann.

## Guth an Scoláire san Oideachas

Ag deireadh 2022, d’fhoilsigh an Roinn Oideachais a cur chuige oideachais iomlán maidir le bulaíocht i scoileanna a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi: *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta in aghaidh na Bulaíochta* Ceann de na príomhghníomhaíochtaí in Cineáltas aonad tiomnaithe a bhunú sa Roinn Oideachais chun tuairimí leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus chun a chinntiú go mbeidh ionchur fiúntach acu i bhforbairt bheartas na Roinne. Chuaigh an fhoireann um Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta isteach i nGrúpa Saineolaithe faoi chathaoirleacht neamhspleách maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa Roinn chun comhairle a thabhairt don Roinn maidir leis an mbealach is fearr chun an tiomantas sin a chur chun cinn. Scrúdaíonn an Sainghrúpa conas a chomhlíonann an Roinn Oideachais a cuid oibleagáidí faoi CNARC faoi láthair agus aithníonn sé struchtúir, córais, próisis, agus cleachtais atá ar fud na Roinne cheana lena gcinntítear go gcuirfear bonn eolais faoi mhaoirseacht beartais agus seirbhíse le le rannpháirtíocht agus guth leanaí. Déanann an Sainghrúpa moltaí freisin maidir le gníomhaíochtaí breise chun cuidiú leis an Roinn beartas agus cleachtais a fhorbairt a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga.

# Leanaí sa Chóras Dlí agus Cirt

## Ábhair Imní Faoi Thuarascálacha Saineolaithe in Imeachtaí Dlí Teaghlaigh

Ba shaincheist a tháinig faoi bhráid an OCO in 2023 imní thromchúiseach faoi thuairiscí saineolaithe in imeachtaí dlí teaghlaigh. Chuaigh muid i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt toisc go rabhamar buartha faoin méid seo a leanas:

- easpa rialacháin agus maoirseachta ar shaineolaithe
- easpa trédhearcachta faoi cháilíochtaí na saineolaithe
- rochtain mhíchothrom, neamh-chomhsheasmhach agus ad hoc ar thuarascálacha saineolaithe do roinnt tuismitheoirí
- droch-chaighdeán na dtuarascálacha corruair
- moilleanna iomarcacha ar thuarascálacha a sheachadadh don chúirt.

TTá fianaise ann, i measc roinnt saineolaithe, go bhfuil easpa saineolais agus oiliúna ar dhinimic na mí-úsáide agus an smachta chomhéignigh i gcomhthéacs socruithe coimeádta agus rochtana. Cuireadh in iúl dúinn freisin gur theip orthu freisin leanaí a aithint mar íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, lena n-áirítear mar fhinnéithe ar fhoréigean teaghlaigh agus ar mhí-úsáid sa teaghlach.

D'fháiltigh an OCO roimh na gealltanais a tugadh sa Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-Bhunaithe (DSGBV) agus sa Straitéis um Cheartas Teaghlaigh 2022-2025 maidir le meitheal a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe reatha maidir le héisteacht le tuairimí an linbh i gcásanna dlí teaghlaigh phríobháidigh. D'fháiltíomar freisin roimh ghealltanais maidir le forbairt a dhéanamh ar chritéir ghairmiúla, creidiúnú agus rialáil saineolaithe cúirte agus

7.



measúnóirí arna gceapadh ag na cúirteanna lena n-áirítear oiliúint ar chearta an linbh, anailís DSGBV agus cumarsáid a thacaíonn le leanaí, agus, mar chéad chéim, ról na dtuarascálacha saineolaithe i bpróiseas an dlí teaghlaigh a scrúdú.

D'iarramar eolas nuashonraithe ar an Roinn faoi bhunú, comhdhéanamh agus clár oibre an ghrúpa oibre, nach raibh ar fáil ag an am. Mholamar don Roinn freisin a chinntiú go gcuirfí caighdeáin chearta an linbh san áireamh san athbhreithniú leanúnach, lena n-áirítear an UNCRC, Coinbhinsiún Iostanbúl de chuid Chomhairle na hEorpa agus treoir a chuir an Coiste um Chearta an Linbh ar fáil ina Bharúlacha Ginearálta.



# Cearta an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach

## An Chéad Chód Sábháilteachta ar Líne in Éirinn


Le linn 2023, lean an OCO ag plé le forbairtí a bhaineann le cearta an linbh sa timpeallacht dhigiteach. I ndiaidh a bhunaithe i mí an Mhárta 2023, d'iarr Coimisiún na Meán aighneachtaí ón bpobal maidir le forbairt an chéad chóid sábháilteachta ar líne in Éirinn do sholáthraithe seirbhíse ardán comhroinnte físeán (VSPS).

Inár n-aighneacht shonraíomar go dtugtar deis shuntasach leis an gcód sampla tábhachtach a shocrú trí chur chuige bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh agus a chur chun cinn maidir le sábháilteacht ar líne a rialáil. Rinne roinnt moltaí inár n-aighneacht maidir leis an gcód, lena n-áirítear gur cheart do Choimisiún na Meán:

- an cód a shuí laistigh de chreat chearta an duine
- an cód a chur mar bhonn i bprionsabail thrasghearrtha, bunaithe ar chearta
- a cheangal ar sholáthraithe VSPS measúnuithe tionchair ar chearta an linbh a dhéanamh
- a chinntiú go n-urramaítear cearta an linbh le ceanglais fíoraithe aoise
- a chinntiú go n-urramaítear cumais forbraíochta leanaí le rialúcháin tuismitheoirí
- a cheangal ar sholáthraithe VSPS faisnéis atá oiriúnach do leanaí agus atá inrochtana go héasca a sholáthar do leanaí agus dá dtuismitheoirí
- a cheangal a sholáthraithe VSPS próisis ghearáin atá oiriúnach do leanaí a bhunú.

D'fháiltigh an OCO roimh fhoilsiú an dréachtchód i mí na Nollag 2023. Leanfaidh an OCO le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an chóid agus cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht ar líne le linn 2024 agus beidh sé páirteach san fhorbairt sin.

8.



# Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

## Próiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Thuairiscigh Stát na hÉireann do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 2023 mar chuid dá nós imeachta monatóireachta agus tuairiscithe. Is deis thábhachtach í sin chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil ag éirí le hÉirinn a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le cearta leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Inár dtuarascáil mhalartach, tharraingíomar aird ar réimsí a bhí ina n-ábhair imní don Choiste agus rinneamar moltaí faoi ghníomhaíocht nach mór don Stát a dhéanamh chun cur chun feidhme chearta an linbh a chur chun cinn. Sna Tuairimí Deiridh, a foilsíodh i mí Feabhra 2023, bhí líon suntasach moltaí maidir le réimsí na n-ábhar imní a d'ardaíomar leis an gCoiste. Tá tuarascáil mhionsonraithe ar rannpháirtíocht an OCO sa phróiseas monatóireachta agus tuairiscithe sin a ullmhaíodh in 2023 ar fáil anseo.

Ó 2021 i leith, tá obair shuntasach déanta ag an OCO, in éineacht lenár YAP, maidir le próiseas monatóireachta agus tuairiscithe Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. D'oibrigh an OCO le réimse leathan páirtithe leasmhara, agus níos tábhachtaí ná aon dream, leanaí.

9.



**Áirítear lenár gcuid oibre:**

## 2021

- Rinne **5,515** leanbh suirbhé ar líne agus ghlac 200 leanbh páirt i 23 **fócasghrúpa**

## 2022

- Rinne foireann YAP agus OCO comh-anailís ar *Pieces of Us*, scríobh siad é agus chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh é.
- D'fhorbair foireann YAP agus OCO suíomh gréasáin agus físeáin lena ghabháil le *Pieces of Us*
- Thaistil YAP go dtí an Ghinéiv chun 2,166 leanbh a ndearnadh suirbhé orthu faoi mheabhairshláinte a chur i láthair Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, an tsaincheist aonair is mó a sainaithníodh in *Pieces of Us*

## 2023

- Thionóil YAP Comhchainteanna de Lucht Ceapta Beartais roimh Chomhphlé Cuiditheach na hÉireann
- Thaistil an tOmbudsman do Leanaí agus foireann OCO go dtí an Ghinéiv le haghaidh Idirphlé Cuiditheach
- Reáchtáil OCO taispeáint an Chomhphlé Chuidithigh do pháirtithe leasmhara agus d'fhoilsigh YAP agus OCO A Piece of My Mind, an suirbhé meabhairshláinte D'fhreastail100 leanbh ar chomhdháil leanaí dar teideal Pieces of Us – *What's Next?*

## 2024

- Foilsiú *Pieces of Us – What's Next?* report

# Imeacht agus Tuarascáil *Pieces of Us – What's Next?*

I mí Iúil 2023, d'fhreastail breis agus 100 leanbh ar chomhdháil leanaí ar na Tuairimí Deiridh a d'óstáil agus a d'éascaigh ár YAP. Tháinig leanaí ó cheann ceann na hÉireann le chéile chun moltaí Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a mheas agus chun a dtuairimí a thabhairt ar cad ba ghá a chur in ord tosaíochta chun na moltaí sin a chomhlíonadh. I measc cuid de na moltaí a rinne leanaí bhí athruithe ar oiliúint do mhúinteoirí, saoráidí fóillíochta níos inrochtana agus imeachtaí pobail chun dul i ngleic le hidirdhealú. Foilsíodh tuarascáil ar thorthaí an imeachta i mí Eanáir 2024.

### Mhínigh ár mball den YAP Chris a eispéireas:

"Bhí an t-imeachta 'Píosaí '*Pieces of Us - What's Next?*' ar siúl i bPáirc an Chrócaigh agus bhí an t-atmaisféar a bhí ann an lá sin ar aon chéim le Cluiche Ceannais na hÉireann. Bhí Painéal Comhairleach Óige (YAP) an OCO ag ullmhú le cúpla seachtain anuas, iad ag cleachtadh gan staonadh, lena chinntiú go mbeadh seó reatha réidh againn ar an lá.

Chuaigh ár n-óstach iontach Karolina agus Méabh ar an stáitse agus chuir siad fáilte roimh chách chuig an gcomhdháil. Tháinig leanaí chuige ó gach cearn d'Éirinn agus ghlac grúpaí, eitneachtaí, náisiúntachtaí, inscne agus cumais éagsúla páirt ann.

In éineacht lenár nOmbudsman, an Dr Niall Muldoon, d'eitil Philip Jaffé an bealach ar fad ón nGinéiv fiú chun páirt a ghlacadh san imeacht freisin! Tá Philip Jaffé ar Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Bhí ar gach ball de YAP páirt a ghlacadh san imeacht, agus labhair siad faoi na hábhair éagsúla a cuireadh faoi bhráid an UNCRC. Labhair baill YAP go deaslámhach agus bhí siad ina n-ardeiseamláirí do gach duine a bhí ann.

I ndiaidh am lóin tugadh treoir do na daoine fásta go léir eachas na héascaitheoirí an seomra a fhágáil. Thionóil gach ball de YAP (agus roinnt iarbhaill) díospóireachtaí éagsúla ar ábhair éagsúla go díreach leis na leanaí.

Chuala an YAP imní agus dóchas gach linbh maidir le saincheisteanna atá roimh leanaí in Éirinn inniu. Oibreoimid go crua leis an Ombudsman do Leanaí chun tabhairt ar an Rialtas na hathruithe a theastaíonn ó leanaí a chur chun feidhme.

A leithéid de lá! Ba cheart go mbeadh gach duine a ghlac páirt thar a bheith bródúil astu féin as an tionchar a d'imir siad."

## Tuarascáil OCO do Choiste na Náisiún Aontaithe Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir

In 2023, mhéadaigh an OCO a rannpháirtíocht le sásraí tuairiscithe idirnáisiúnta trína chéad tuarascáil a ullmhú do Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir mar chuid de scrúdú tréimhsiúil an Choiste sin ar chur chun feidhme an Chúnaint Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúir in Éirinn. Leagadh béim inár dtuarascáil ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas rialtais arna leithdháileadh ar leanaí
- Idirdhealú in aghaidh leanaí
- Coinníollacha gnáthchónaithe
- Cúram leanaí
- Foréigean baile
- Bochtaineacht i measc leanaí
- Tithíocht leordhóthanach
- Díinstitiúidiú leanaí faoi mhíchumas
- Sláinte coirp
- An mheabhairshláinte
- Infhaighteacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an oideachais
- Oideachas cuimsitheach

Beidh Tuairimí Deiridh 2024 an Choiste ina acmhainn luachmhar chun an Rialtas a choinneáil cuntasach agus chun athrú dearfach a lorg do leanaí agus muid ag féachaint lenár ról a chomhlíonadh maidir le cearta an linbh in Éirinn a chur chun cinn agus a chosaint.

## Meitheal ENOC ar Neamhspleáchas na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta Leanaí

Tá an OOL ina bhall de Líonra Eorpach na nOmbudóirí do Leanaí (ENOC), atá comhdhéanta de 44 Ombudsman agus Coimisinéir do Leanaí i 34 tír ar fud na hEorpa. Is comhlachas neamhbhrabúis é ENOC d'institiúidí neamhspleácha um chearta leanaí (ICRInna) a bhfuil sainordú aige cur chun cinn agus cosaint ceart leanaí a éascú, de réir mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Ba é fócas téamach obair ENOC in 2023 'Ról na nInstitiúidí Neamhspleácha um Chearta Leanaí (ICRInna) maidir le Cearta an Linbh a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.' Thug an OCO cabhair do ghníomhaíochtaí ENOC trí pháirt a ghlacadh i ngrúpa oibre agus i seimineáir ENOC i Stócólm i mí na Bealtaine 2023. Dhírigh an seimineár sin ar ról na ICRInna i gcosaint agus cur chun cinn chearta an linbh, ach bhain sé freisin le comhroinnt faisnéise ó chomhaltaí ENOC maidir le seasamh le cearta an linbh i gcásanna géarchéime agus éigeandála, lena n-áirítear staid leanaí ón Úcráin.

I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an OCO páirt i 27ú Comhdháil Bhliantúil ENOC sa Bhruiséil, dar teideal "Neart na nInstitiúidí Neamhspleácha um Chearta Leanaí: Seasamh le Cearta Leanaí san Eoraip." Tugadh aghaidh sa Chomhdháil Bhliantúil ar phríomhthorthaí Thuarascáil Sintéise 2023 ENOC ar "ICRIanna: staidéar ar dhea-chleachtais chun cearta an linbh a chur chun cinn agus a

chosaint." Ag an gcruinniú, bhí ról gníomhach ag Líonra Eorpach na gComhairleoirí Óga (ENYA) de chuid ENOC agus rinne siad moltaí sonracha beartais maidir le ról institiúidí um chearta an linbh. D'fhormhuinigh an 27ú Comhthionól Ginearálta de chuid ENOC Ráiteas Seasaimh 2023 ENOC maidir le ICRIanna a Neartú agus lena ról uathúil a aithint.

## Cruinniú le Coiste Comhairleach Chomhairle na hEorpa ar an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint

I mí Mheán Fómhair 2023, thug Coiste Comhairleach Chomhairle na hEorpa ar an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint cuairt ar Éirinn mar chuid dá bpróiseas monatóireachta. Bhuaileamar leis an gCoiste agus d'ardaíomar an easpa sonraí maidir le leanaí i measc Taistealaithe agus na Romach; na saincheisteanna tithíochta a bhíonn ag leanaí Taistelaithe, lena n-áirítear Tuarascáil *No End in Site* an OCO; easpa tacaíochtaí sonracha oideachais do leanaí Taistealaithe agus na Roma;ch ró-ionadaíocht leanaí Taistealaithe á gcur ar amchláir laghdaithe; agus an tionchar suntasach phaindéim Covid 19 ar leanaí i measc Teastalaithe agus na Romach.

Táimid ag fanacht le foilsiú thuarascáil an Choiste lena soláthrófar forbhreathnú luachmhar ar shaol leanaí Taistealaithe agus na Romach in Éirinn.

# An tAcht um Ombudsman do Leanaí

## Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Foilsíodh athbhreithniú neamhspleách ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, arna choimisiúnú ag an OCO, i mí na Nollag 2022. In 2023 cuireadh tús le hobair chun moltaí sa tuarascáil a chur chun cinn.

Áirítear iad seo a leanas ar na moltaí tosaíochta don OCO:

- Leathnú ar fheidhm ghearán reachtaíochta go dtí:
  - > daoine óga os cionn 18 mbliana d'aois in iarchúram agus i mBaile an Oibricigh
  - > timpeallachtaí faoi úinéireacht phríobháideach a fhaigheann maoiniú Stáit
- Má dhéantar alt 9(2) d'Acht 2002 a aisghairm, bheadh bac ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin scoileanna a ndearna an OOL fiosrú orthu mura mbaineadh úsáid agus triail as nósanna imeachta gearán áitiúla i scoileanna cheana féin.

Tá cainteanna ar siúl le comhghleacaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun an bealach is fearr a shainaithint chun an t-athrú reachtaíochta is gá a dhéanamh chun ár bhfeidhm reachtúil gearán a leathnú.



10.

# Cearta an Linbh a Phríomhshruthú sa Bheartas Náisiúnta

## An Coimisiún um Pá Íseal ar an Iosphá Náisiúnta (Iúil 2023)

Níl leanaí atá i bhfostaíocht i dteideal an íosphá náisiúnta faoi láthair. Ina ionad sin, ceadaítear leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000, arna leasú, ráta fo-íosta de 70 faoin gcéad den íosphá iomlán a íoc le leanaí faoi 18 mbliana d'aois. I ndiaidh iarratas a fháil ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2022, tá an Coimisiún um Pá Íseal ag scrúdú coinneáil nó baint na rátaí fo-íosta den íosphá náisiúnta.

I mí Iúil 2023, rinneamar aighneacht chuig an gCoimisiún um Pá Íseal inar leagadh béim ar oibleagáidí na hÉireann maidir le cearta an linbh ba cheart a bhreithniú agus na rátaí fo-íosta a bhaineann le leanaí faoi 18 mbliana d'aois á scrúdú. Thugamar achoimre freisin ar na hábhair imní a d'ardaigh comhlachtaí monatóireachta idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coiste na Náisiún ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúir agus an Coiste Eorpach um Chearta Sóisialta, maidir leis na rátaí fo-íosta in Éirinn. Moladh lenár n-aighneacht don Choimisiún um Pá Íseal a chinntiú go bhfuil a mholtaí ag teacht le hoibleagáidí cearta idirnáisiúnta agus Eorpacha na hÉireann agus leis an treoir chomhfhreagrach.

Ónár n-aighneacht a chur isteach, d'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil Bhliantúil 2023 inar tugadh faoi deara go mbeadh tuarascáil ar rátaí fo-íosta á cur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta aige roimh dheireadh 2023. Leanfaidh an OCO le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a eascraíonn as scrúdú an Choimisiúin ar rátaí fo-íosta in 2024.

11.

# Treoirthionscadal Maidir le Cearta an Linbh go Hachomair

In 2023, chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí tús le treoirthionscadal chun feasacht ar chearta an linbh i measc státseirbhíseach a neartú trí shraith de pháipéir fhaisnéise gearra ar chearta an linbh a sholáthar agus a scaipeadh. Is é is aidhm do na páipéir faisnéise sin faisnéis a sholáthar faoi chearta an linbh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh do státseirbhísigh a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar leanaí, cibé acu go díreach nó go hindíreach, agus chun tacú leo cearta an linbh a bhreithniú i gcomhthéacs a gcuid oibre.

Tá trí pháipéar faisnéise ullmhaithe lena gcur san áireamh i gcéim phíolótach an tionscnaimh seo:

1. **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**
2. **Leas an linbh**
3. **Meas ar thuairimí an linbh**

Shainaithin an OCO rannáin i roinnt ranna Rialtais agus rinne siad teagmháil leo chun páirt a ghlacadh sa céim phíolótach sin. Nuair a gheofar aiseolas uathu siúd a ghlac páirt sa chlár píolótach, oibreoimid chun an tsraith a fhorbairt tuilleadh. Beidh na páipéir sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an OCO i ndiaidh dheireadh na céim píolótaí agus táthar ag súil go ndéanfar páipéir nua a fhorbairt ar bhonn leanúnach a dhíreoidh ar chearta éagsúla leanaí.

# Reáchtáil na hOifige

## Buiséad 2023


Leithdháiltear buiséad an OCO tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocht agus Óige agus déantar é a tharraing anuas ar bhonn rialta i rith na bliana. In 2023, b'ionann ár mbuiséad agus €3.9 milliún (2022: €3.495 milliún) a tarraingíodh anuas go hiomlán faoi dheireadh na bliana.

Mar atá leagtha amach in Alt 17(1) agus in Alt (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, as rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú, agus as comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú a áirithiú. Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh ar chuntais 2023 i mí an Mheithimh agus mhí Iúil 2024, agus is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh é. De réir Alt 17(2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, chuir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 isteach lena n-iniúchadh faoin 31 Márta 2024. Nuair a bheidh siad ceadaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, foilseofar na Ráitis Airgeadais don bhliain 2023 ar shuíomh gréasáin an OCO, mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Ba iad Cuntasóirí Cairte Mazars a sholáthar ár bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí do 2023. Thug Mazars faoi athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i R1 de 2024 (do 2023) agus athbhreithniú ar ár mbeartais agus nósanna imeachta maidir le gearáin agus imscrúduithe i R3 2023.

Is e seo a leanas an miondealú ar ár gcaiteachas (i ndiaidh costais seirbhísí corparáideacha a chionroinnt lena n-áirítear ról an Ombudsman):

- 47% Gearáin agus Imscrúduithe
- 14% Beartas agus Taighde
- 17% Rannpháirtíocht agus Oideachas maidir le Cearta
- 22% Cumarsáidí
- 100% Iomlán

12.




## Earcaíocht 2023

Ag tús 2022, bhí 34 ball foirne buan ag an OOL. Faoi dheireadh 2022, bhí 37 ball foirne buan ann. Díríodh ar an bhfoireann OOL a chomhdhlúthú in 2022, i ndiaidh di fás ó 23 ball foirne ó 2020 i leith.

## Bonneagar TFC an OCO

Ó 2021 i leith, tugann Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) tacaíocht don Oifig maidir lenár riachtanais deisce.

Leanamar lenár mbonneagar TFC a thabhairt cothrom le dáta in 2023 lena chinntiú gur féidir linn tacú le ceardlanna agus le cuairteoirí chuig an Oifig chomh maith lenár gcuid oibre for-rochtana. Chomhaontaíomar ár Straitéis TFC do 2023-2026 freisin atá nasctha lenár bplean straitéiseach agus a bheidh fós ina doiciméad beo agus ár bPlean Straitéiseach Oifige nua 2025-2027 á fhorbairt againn.

## Plain English

Cuireadh tús lenár dtionscadal tras-aonad *Plain English* in 2023 mar chuid de thiomantas an OCO a chinntiú go mbeidh ár gcuid oibre inrochtana. D'fhreastail ambasadóirí *Plain English* ó gach foireann ar oiliúint leis an gCumann Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), agus reáchtáladh seisiún foirne ar fud na hoifige freisin. Nuashonraíodh beartas *Plain English* an OCO agus cuirfear tús le hobair in 2024 chun marc oifigiúil *Plain English* NALA a fháil ar roinnt dár n-ábhar.

## Cairt Custaiméirí

Cruthaíodh Grúpa Oibre tras-aonad in 2023 chun Cairt Custaiméirí an OCO a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir an dá Threoirphrionsabal déag um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí laistigh den tSeirbhís Phoiblí.

# Dualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí a Chur Chun Feidhme

Tá an Oifig tiomanta dár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh, rud a léirítear inár bPlean Straitéiseach do 2022-2024. Cuireadh tús le hoiliúint agus breisoiliúint ar na baill foirne ábhartha in 2023. Táimid tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cheart an duine a bhaineann lenár gcuspóir agus lenár bhfeidhmeanna. Tabharfaimid aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa mheasúnú seo agus tuairisceoimid ar ár ndul chun cinn gach bliain inár dtuarascáil bhliantúil ar bhealach a bheidh inrochtana don phobal.

# Saoráil Faisnéise

In 2023, fuaireamar agus phróiseálamar 13 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

# Cosaint agus Dualgais Leasa Leanaí

Chun ár bhfreagrachtaí féin a chomhlíonadh maidir le cosaint agus leas leanaí, tá beartais agus nósanna imeachta againn lenár dtreorú agus tá Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe (DLPanna) ceaptha againn lena chinntiú go ndéileáiltear go cuí le haon ábhair imní den sórt sin agus go ndéanfar iad a thuairisciú do Tusla agus nó do na Gardaí de réir mar is gá.

In 2023 fuair ár nOifig 74 tuairisc ina raibh imní faoi chosaint agus leas leanaí. Eascraíonn na tuarascálacha sin go príomha i gcomhthéacs ár bhfeidhme láimhseála gearán agus tugtar faoi deara gur bhain roinnt de na tuarascálacha sin le níos mó ná leanbh amháin. Seo a leanas miondealú ar na tuairiscí sin de réir phríomhchatagóir na mí-úsáide;

Bhí 22 tuairisc ann maidir le mí-úsáid gnéis fhisiciúil líomhnaithe; 18 gcinn maidir le mhí-úsáid gnéis líomhnaithe; 10 gcinn maidir le faillí líomhnaithe agus 9 gcinn maidir le drochíde mhothúchánach líomhnaithe. Bhain 15 cinn de na tuairiscí le hábhair imní faoi leas leanaí.

Déantar cinntí de réir an cháis an gá na hábhair imní sin a chur in iúl do Tusla nó an bhfuilimid sásta go bhfuil an fhaisnéis acu cheana féin agus gur phléigh siad na hábhair imní sin, nó go bhfuil siad á bplé acu. In 2023 thugamar fógra foirmiúil do Tusla faoi 14 cinn de na tuairiscí sin a fuaireamar.

I ngach cás inar ardaítear imní faoi chosaint agus leas leanaí linn, déanaimid na cinn ina n-ardaítear imní a atreorú chuig na seirbhísí cuí.

# An Ghaeilge

Leanann Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) lenár Scéim Gaeilge a chur chun feidhme sula ndearbhaítear Alt 19A, Caighdeáin na Gaeilge, d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

Tháinig Alt 10A den Fhógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá an OCO ag obair chun forálacha an Achta sin a chomhlíonadh.




# Fuinneamh

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, agus rinne sé Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) Rialacháin 2009 (I.R. 542 de 2009)'. Ceanglaítear leis na Rialacháin ar eagraíochtaí earnála poiblí tuarascáil a thabhairt gach bliain ó Eanáir 2011 i leith ar a n-úsáid fuinnimh agus ar na bearta arna ndéanamh chun ídiú a laghdú.

In 2023, bhain an OCO úsáid as 75,078kWh (2022: 103,365kWh) de leictreachas, laghdú 27% i gcomparáid le 2022. Tá sé sin mar gheall ar bhrú méadaithe go hinmheánach lena chinntiú go mbeimid cúramach agus muid ag úsáid spáis agus gan ach na soilse riachtanacha a úsáid agus iad a chasadh as nuair nach bhfuil an spás in úsáid. Chomh maith leis sin, thosaíomar ag athrú seanbholgáin solais nach bhfuil chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol go soilse LED níos nuaí nach n-ídíonn a oiread fuinnimh.

Bhíomar ag obair le Optien thar ceann an SEAI chun ár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a dhréachtú, chomh maith lenár n-úsáid fuinnimh a laghdú.



Oifig an Ombudsman do Leanaí
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

**T:** 01 865 6800
**F:** 01 874 7333
**E:** oco@oco.ie
**www.oco.ie**
𝕏 @OCO_Ireland